



An Plean Gníomhaíochta Áitiúil Bithéagsúlachta do Chontae Lú 2021 – 2026

Arna fhorghuiniú ag Comhairle
Contae Lú an 18 Eanáir 2021

CLÁR ÁBHAR

<i>Rannán</i>	<i>Leathanach</i>
An Fhís do Phlean Gníomhaíochta Áitiúil Bithéagsúlachta Lú	3
An cúlra leis an bplean seo	3
Raon Feidhme agus Bainistíocht an phlean seo	4
An Comhthéacs Domhanda	5
An Comhthéacs Eorpach	6
An Comhthéacs Náisiúnta	9
An Comhthéacs Áitiúil	14
Beartais Bheartaithe do Phlean Gníomhaíochta Áitiúil Bithéagsúlachta Lú	17
Iarscríbhinní	23
A Reachtaíocht (ar an leibhéal Eorpach, Náisiúnta agus Áitiúil)	24
B Gnáthóga cosanta agus láithreáin chosanta i gContae Lú	27
C Speicis chosanta i gContae Lú	30
D Speicis ionracha	34
E An obair bithéagsúlachta a rinneadh roimhe seo i gContae Lú	35

An fhís don bhithéagsúlacht i Lú

Is é an fhís atá ag an bplean bithéagsúlachta seo go mbeadh ag Contae Lú daoine folláine agus fiadhúlra folláin a bheadh faoi bhláth i dtimpeallacht nádúrtha fholláin. Tá sé de rún ag an gcontae a sprioc a aistriú ó “Gan aon ghlanchailteanas bithéagsúlachta” go “Glanghnóthachan”, mar atá bainistíocht ghníomhach agus athchóiriú gníomhach a dhéanamh ar ár gcórais tacaíochta beatha.

An cúlra leis an bplean seo

Tá sé mar chuspóir leis an bplean seo an bhithéagsúlacht a chosaint, a bhreisiú agus a athchóiriú laistigh de Chontae Lú, Éire, agus sinn ag iarraidh rannchuidiú leis na hiarrachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta atá dírithe ar an séú holldíothú beatha ar domhan a stopadh.

Tá sé mar aidhm leis an bplean cur chun feidhme a dhéanamh laistigh de Chontae Lú ar na gníomhartha atá leagtha amach i bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta na hÉireann um Bithéagsúlacht 2017 – 2021 agus i Straitéis Bithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go 2030 (Bealtaine 2020). Ní bheifear in ann beartais náisiúnta agus idirnáisiúnta bhithéagsúlachta a bhaint amach ach amháin má chuirtear chun feidhme iad ar an leibhéal áitiúil trí phleananna íochtaracha bithéagsúlachta. Is é atá sa phlean seo ná rannchuidiú Chontae Lú féin le beatha chasta ar domhan a shábháil agus, mar sin de, cuireadh roinnt gníomhartha a bhfuil ábharthacht áitiúil acu leis freisin.

Raon feidhme agus bainistíocht an phlean seo

Ullmhaíodh an plean seo do Chomhairle Contae Lú, agus leagtar béim ann ar na gníomhartha a dhéanfaidh oifigigh na comhairle. Áirítear leis freisin gníomhartha riachtanacha nach mbeidh Comhairle Contae Lú in ann a dhéanamh ina haonar agus a mbeidh comhoibriú le raon leathan eagraíochtaí agus grúpaí eile ag teastáil ina leith.

Is í Comhairle Contae Lú an t-údarás áitiúil do Chontae Lú ina iomláine. Soláthraíonn sí seirbhísí ríthábhachtacha do mhuintir Lú, agus is minic a dhéanann sí amhlaidh i gcomhar le comhlachtaí náisiúnta. Áirítear leis na seirbhísí sin na hEalaíona, an Cultúr, Leabharlanna agus an Oidhreacht, forbairt pobail agus gheilleagrach agus rialáil comhshaoil. Áirítear leo freisin páirceanna agus áiseanna fóillíochta eile, amhail Tránna Brataí Goirme, a sholáthar. Tá cumhachtaí suntasacha ag Comhairle Contae Lú mar Údarás Dóiteáin, Tithíochta, Pleanála, Bóithre agus Dramhaíola do Chontae Lú. Anuas ar fhorbairt ag tríú páirtithe a rialáil, tá an Chomhairle ar cheann de na forbróirí is gníomhaí sa Chontae aisti féin. I ngach ceann de na gníomhaíochtaí sin, tá acmhainneacht ag an gComhairle chun an timpeallacht nádúrtha agus an bhithéagsúlacht a chosaint, a bhreisiú agus a athchóiriú, toisc gur nithe iad sin a sholáthraíonn seirbhísí atá ríthábhachtach do mharthanas agus rath ár muintire freisin.

Tá ag an gcomhairle ról oifigiúil níos teoranta sna nithe a tharlaíonn sna limistéir mhuirí as cóstaí an chontae a rialú. Dá ainneoin sin, is féidir léi tionchar a imirt ar a sileann isteach san fharráige (nithe a ndírítear go mór orthu i Straitéis Bithéagsúlachta nua an Aontais Eorpaigh go 2030 is ea limistéir mhuirí). Baintear úsáid as an-chuid dár dtírdhreach le haghaidh feirmeoireachta nó foraoiseacht tráchtála, agus níl ach ról teoranta ag an gComhairle Contae maidir leis na mórghníomhaíochtaí úsáide talún sin. Féachfaidh an Chomhairle Contae, dá bhrí sin, leis an bPlean Gníomhaíochta Áitiúil Bithéagsúlachta seo a chur chun feidhme trí dhoimhniú agus neartú a dhéanamh ar a caidreamh oibre le gníomhaireachtaí Stáit amhail Teagasc, an tSeirbhís Foraoiseachta, Coillte, Iascaigh Intíre Éireann/Gníomhaireacht na Lochanna agus an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil.

Beidh grúpaí deonacha ina gcomhpháirtithe bunriachtanacha i gcur chun feidhme an phlean seo, bíodh siad ina n-eagraíochtaí náisiúnta amhail Cairde Éanlaith Éireann agus Comhairle Caomhnaithe Phortaigh na hÉireann, mar shampla; bíodh siad ina gcomhlachtaí áitiúla amhail Iontaobhas Dúlra Lú; nó bíodh siad ina ngrúpaí pobail amhail Bailte Slachtmhara nó Botháin na bhFear.

Beidh ról ríthábhachtach le himirt ag an lucht léinn i gcaomhantas bithéagsúlachta. Leanfaidh Comhairle Contae Lú ar aghaidh ag obair le Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan, arb í an institiúid áitiúil Tríú Leibhéal í, agus le coláistí ar fud na hÉireann agus i dtíortha eile.


Sa deireadh, beidh cistiú ag teastáil chun na cuspóirí seo a bhaint amach. Oibreoidh Comhairle Contae Lú i gcomhar leis an gComhairle Oidhreachta, leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiaidhúla agus lena máthair-Roinn agus féachfaidh sí le comhoibriú le comhlachtaí eile i dtionscnaimh arna gcistiú ag an Aontas Eorpach amhail INTERREG agus LIFE.

Athbhreithniú i dtaca leis an gcomhthéacs náisiúnta athraitheach

Cumhdaítear an tréimhse ón mbliain 2017 go dtí an bhliain 2021 leis an bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht, arb é an plean reatha agus an tríú plean é. Dá bhrí sin, tá Plean Náisiúnta nua le foilsiú le linn na bliana 2021. Déanfar Plean Gníomhaíochta Áitiúil Bithéagsúlachta Lú a athbhreithniú agus a athrú chun dáta, de réir mar is gá, laistigh de shé mhí ó fhoilsiú an cheathrú Plean Náisiúnta chun a chinntiú go mbeidh sé ag teacht fós leis na tosaíochtaí náisiúnta don bhithéagsúlacht.

AN COMHTHÉACS DOMHANDA. “SMAOINIGH GO DOMHANDA – GNÍOMHAIGH GO HÁITIÚIL”.

Córas bith-gheoiceimiceach comhtháite amháin is ea an Domhan ar fad. Cosúil leis an atmaisféar agus na haigéin, is rud domhanda atá sa bithéagsúlacht. Dá bhrí sin, is rud domhanda atá sa ghéarchéim bithéagsúlachta. Déanann na nithe a dhéanaimidne i gContae Lú difear do shaol na ndaoine i Meiriceá Theas. Déanann na nithe a dhéanann daoine sa tSín nó san Afraic láir difear do shaol na ndaoine i gContae Lú. Táthar ag aithint an fhíorais sin le fada an lá agus, dá bhrí sin, tá caomhantas bithéagsúlachta bunaithe ar Chomhaontuithe Domhanda.



Dhaingnigh Éire an Coinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht sa bhliain 1996. Ceanglaítear ar na páirtithe sa Choinbhinsiún an Plean Straitéiseach um Bithéagsúlacht 2011-20 (a rinneadh in Aichi, an tSeapáin) a chur chun feidhme. Le Sprioc Bithéagsúlachta 17 de Choinbhinsiún Aichi, ceanglaítear ar gach páirtí conarthach Straitéisí agus Pleananna Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht a chur le chéile.

Ós rud é gur páirtí conarthach sa choinbhinsiún é an tAontas Eorpach freisin, d’ullmhaigh sé a Phlean Gníomhaíochta féin um Bithéagsúlacht don tréimhse 2010 go 2020, ar tháinig Straitéis Bithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go 2030 (Bealtaine 2020) ina ionad.

Is é an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht 2017 – 2021 straitéis reatha na hÉireann. Cuirfear plean eile ina ionad sin le linn thréimhse feidhme Phlean Gníomhaíochta Áitiúil Bithéagsúlachta Lú, rud a athbhreithneofar chun a chinntiú go mbeidh sé ag teacht leis an bplean náisiúnta nua. Ós rud é go mbeidh an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta nua um Bithéagsúlacht ag teacht le Straitéis Bithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh, rud a cuireadh san áireamh le linn an Plean Gníomhaíochta seo a chur le chéile, táthar dóchasach nach mbeidh ach líon an-bheag athruithe ag teastáil.

Is liostaithe sna rannáin seo a leanas atá na gníomhartha uile atá leagtha amach i Straitéis Bithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh agus i bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta reatha na hÉireann um Bithéagsúlacht agus atá ábhartha do chúrsaí laistigh de Chontae Lú go pointe éigin.

An Comhthéacs Eorpach (arna thógáil amach as Straitéis Bithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go 2030)

AN BHITHÉAGSÚLACHT – AN GÁ LE GNÍOMHAÍOCHT PHRÁINNEACH

Idir mhórfhoroaisí báistí an domhain, pháirceanna beaga agus ghairdíní, agus idir an míol mór gorm agus fhungais mhicreascópacha, seasann an bhithéagsúlacht d'éagsúlacht ollmhór na beatha ar Domhan. Bímidne mar dhaoine inár gcuid den ghréasán beatha sin agus bímid ag brath go hiomlán air: tugann sé dúinn an bia a ithimid, scagann sé an t-uisce a ólaimid, agus soláthraíonn sé an t-aer a análaímid. Bíonn an dúlra chomh tábhachtach dár bhfolláine meabhrach agus fhisiciúil is a bhíonn sé do chumas ár sochaí chun déileáil leis an athrú domhanda, le bagairtí sláinte agus le tubaistí. Teastaíonn uainn an dúlra inár saol.

Bíonn sochaithe sláintiúla athléimneacha ag brath ar an spás a theastaíonn uaidh a thabhairt don dúlra. Mar thoradh ar phaindéim COVID-19 a thit amach le déanaí, is práinní fós an gá leis an dúlra a chosaint agus a athchóiriú. Tá an phaindéim ag méadú feasacht ar na naisc idir ár sláinte féin agus sláinte na n-éiceachóras. Tá sí ag taispeáint an ghá le slabhraí inbhuanaithe soláthair agus patrúin inbhuanaithe tomhaltais nach bhfuil níos mó ná teorainneacha an phláinéid. Léiríonn sé sin an fíoras go méadaíonn an riosca go ndéanfaidh galair thógálacha teacht chun cinn agus leathadh de réir mar a scriostar an dúlra.

Dá bhrí sin, baineann ríthábhacht leis an mbithéagsúlacht agus éiceachórais dhea-fheidhmiúla a chosaint agus a athchóiriú chun ár n-athléimneacht a threisiú agus chun teacht chun cinn agus leathadh aon ghalar sa todhchá a chosc.

[...] Is láidir atá an cás gnó i bhfabhar na bithéagsúlachta. Bíonn tionscail agus cuideachtaí ag brath ar ghéinte, ar speicis agus ar sheirbhísí éiceachórais mar ionchuir thábhachtacha le haghaidh táirgeadh, go háirithe i gcás cógas. Bíonn breis agus leath na holltáirgeachta intíre domhanda ag brath ar an dúlra agus ar na seirbhísí a sholáthraíonn sé. Bíonn trí phríomhearnáil gheilleagracha ríspiléach air, mar atá an fhoirgníocht, an talmhaíocht, agus bia agus deoch.

D'fhéadfadh caomhantas bithéagsúlachta tairbhí geilleagracha díreacha a bheith aige do mhórán earnálacha den gheilleagar. [...]

Bíonn an bhithéagsúlacht ríthábhachtach freisin le haghaidh slándáil an tsoláthair bhia san Aontas Eorpach agus ar domhan a chumhdach. Is bagairt ar ár gcórais bhia é caillteanas na bithéagsúlachta, rud a chuireann slándáil ár soláthair bhia agus ár gcothú i mbaol. Ina theannta sin, bíonn an bhithéagsúlacht mar bhonn agus thaca ag réimeanna sláintiúla scamhardacha bia agus cuireann sí feabhas ar shlite maireachtála daoine faoin tuath agus ar tháirgiúlacht talmhaíochta. Mar shampla, bíonn níos mó ná 75% de chineálacha domhanda barr bia ag brath ar phailniú ainmhithe.

D'ainneoin na tábhachta morálta, eacnamaíche agus comhshaoil atá á leagan go práinneach ar an bhfadhb sin, tá an dúlra i staid géarchéime. Bíonn an dúlra ag dul ó amharc go tapa de bharr na gcúig phríomhthoisí dhíreacha atá taobh thiar de chaillteanas na bithéagsúlachta, mar atá athruithe in úsáid talún agus farraige, dúshaothrú, an t-athrú aeráide, an truailliú agus speicis choimhthíocha ionracha. Feicimid na hathruithe inár ngnáthshaol laethúil: bíonn bloic choincréite á dtógáil ar spásanna glasa, bíonn an fásach ag dul ó amharc os ár gcomhair, agus bíonn níos mó speiceas á gcur i mbaol a ndíothaithe anois ná ag am ar bith riamh i stair an duine. Sa dá scór bliain atá imithe thart, thit an daonra fiadhúlra ar domhan faoi 60% mar thoradh ar ghníomhaíochtaí an duine. Ina theannta sin, athraíodh geall le trí cheathrú de dhromchla an Domhain, rud a fhágann go bhfuil an dúlra á fháscadh isteach i limistéar síorlaghdaithe den phláinéad.

Tá dlúthcheangal ann idir an ghéarchéim bithéagsúlachta agus an ghéarchéim aeráide. Cuireann an t-athrú aeráide dlús le scrios an dúlra trí thriomach, tuilte agus falscáithe, agus bíonn caillteanas agus úsáid inbhuanaithe an dúlra ina bpríomhspreagthaigh taobh thiar den athrú aeráide faoi seach. Agus, faoi mar atá ceangal ann idir na géarchéimeanna, tá ceangal ann idir na réitigh freisin. Is comhghuaillí ríthábhachtach sa chomhrac in aghaidh an athraithe aeráide é an dúlra. Is é an dúlra a rialaíonn an aeráid, agus is bunriachtanas le haghaidh astaíochtaí a laghdú agus oiriúnú don aeráid a bheidh i réitigh dhúlrahunaithe amhail bogaigh, tailte portaigh agus éiceachórais chósta a chosaint agus a athchóiriú agus i limistéir mhuirí, foraoisí, féarthailte agus ithreacha talmhaíochta a bhainistiú go hinbhuanaithe. Má dhéanaimid crainn a chur agus úsáid a bhaint as bonneagar glas, cabhrófar linn limistéir uirbeacha a fhuarú agus tionchar na dtubaistí nádúrtha a mhaolú.

Tá cailteanas na bithéagsúlachta agus titim na n-éiceachóras ar cheann de na bagairtí is mó os comhair an chine dhaonna sna deich mbliana romhainn. Cuireann siad bunsraith ár ngeilleagair i mbaol freisin. Is ard atá na costais a bhaineann le neamhghníomhaíocht agus meastar go dtiocfaidh méadú ar na costais sin. Chaill an domhan idir €3.5 trilliún agus €18.5 trilliún in aghaidh na bliana i seirbhísí éiceachórais idir an bhliain 1997 agus an bhliain 2011 de bharr athruithe cumhdaigh talún. Chaill sé idir €5.5 trilliún agus €10.5 trilliún in aghaidh na bliana de bharr díghrádú talún freisin. Rud sonrach, bíonn cailteanas na bithéagsúlachta mar chúis le torthaí laghdaithe barr agus le gabhálacha laghdaithe éisc, le cailteanais gheilleagracha mhéadaithe mar thoradh ar thuilte agus ar thubaistí eile agus le cailteanas foinsí féideartha nua cógais.

Tá an tAontas Eorpach réidh le bheith uailmhianach chun cailteanas na bithéagsúlachta a aisiompú, le bheith chun tosaigh ar an gcuid eile den domhan trína bheith ina eiseamláir agus trí ghníomhaíocht, agus le rannchuidiú le creat domhanda claochlaitheach don saol tar éis na bliana 2020 a chomhaontú agus a ghlacadh ag an 15ú ceann de Chomhdhála na bPáirtithe sa Choinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht. Ba cheart é sin a chur leis an uailmhian cheannlíne chun a chinntiú gurb athchóirithe, athléimneach agus cosanta go leordhóthanach a bheidh gach ceann d'éiceachórais an domhain faoin mbliain 2050. Ba cheart don domhan gabháil air féin cloí le prionsabal an ghlanghnóthachain chun níos mó ná a thógann an domhan uaidh a thabhairt don dúlra. Mar chuid den obair sin, ba cheart don domhan gabháil air féin gan tabhairt faoi dhíothú duine-spreagtha speiceas, nuair is féidir é sin a sheachaint ar a laghad.

Plean Athchóirithe Dúlra an Aontais Eorpaigh: na príomhghéalltanais faoi 2030 (arna fhoilsiú i mí na Bealtaine 2020)

1. Spriocanna athchóirithe dúlra an Aontais Eorpaigh atá ceangailteach ó thaobh dlí a mholadh sa bhliain 2021, faoi réir measúnú tionchair. Faoin mbliain 2030, is athchóirithe a bheidh limistéir shuntasacha d'éiceachórais atá díghrádaithe agus saibhir ó thaobh carbóin de; ní bheidh aon mheath i dtreochtaí caomhantais agus i stádas caomhantais ag gnáthóga agus ag speicis; agus beidh stádas caomhantais fabhrach, nó treocht dhearfach, ag 30% ar a laghad díobh.
2. An meath i bpailneoirí a aisiompú.
3. Riosca agus úsáid lotnaidicídí ceimiceacha a laghdú faoi 50% agus úsáid lotnaidicídí atá níos guaisí a laghdú faoi 50%.
4. 10% ar a laghad de limistéar talmhaíochta a bheith faoi ghnéithe tírdhreacha ard-éagsúlachta.
5. 25% ar a laghad den talamh talmhaíochta a bhainistiú faoin bhfeirmeoireacht orgánach agus rannpháirtíocht i gcleachtais agrai-éiceolaíochta a mhéadú go suntasach.
6. Trí bhilliún crann nua a phlandú san Aontas Eorpach, de réir prionsabail éiceolaíochta.
7. Dul chun cinn suntasach a dhéanamh ar shuíomhanna ithreach éillithe a athshlánú.
8. 25,000 km ar a laghad d'aibhneacha a bhfuil sruth reatha iontu a athshlánú.
9. An líon speiceas atá ar Liosta Dearg na speiceas a bhfuil speicis choimhthíocha ionracha ina mbagairt orthu a laghdú faoi 50%.
10. Cailteanais cothaitheach ó leasacháin a laghdú faoi 50% agus, mar thoradh air sin, laghdú arb ionann é agus 20% ar a laghad a bheith ar úsáid leasachán.
11. Tacú le cathracha ina bhfuil níos mó ná 20,000 áitritheoir chun Plean Glasaithe Uirbigh uailmhianach a bheith i bhfeidhm acu.
12. Gan aon lotnaidicídí ceimiceacha a úsáid i limistéir íogaire amhail limistéir ghlasa uirbeacha an Aontais Eorpaigh.
13. Na héifeachtaí diúltacha ar speicis agus gnáthóga íogaire, lena n-áirítear ar ghrinneall na farraige trí

ghníomhaíochtaí iascaireachta agus eastósctha, a laghdú go mór chun stádas maith comhshaoil a bhaint amach.

14. Deireadh a chur le seachghabháil speiceas nó í a laghdú go leibhéal a cheadaíonn a n-aisghabháil agus a gcaomhantas.

An Comhthéacs Náisiúnta - Plean Gníomhaíochta Náisiúnta na hÉireann um Bithéagsúlacht (PGNB) 2017 – 2021

Cuspóirí agus Gníomhartha Ábhartha Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta na hÉireann um Bithéagsúlacht

Cuirtear ar áireamh thíos na gníomhartha uile faoin bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht a meastar go mbeidh ábharthacht ar leith acu don Phlean Gníomhaíochta Áitiúil Bithéagsúlachta do Chontae Lú (PGÁB Lú). Tá Údarás Áitiúla (nó 'Údarás Phoiblí' go ginearálta) liostaithe sa Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht mar 'phríomh-chomhpháirtithe' i leith na ngníomhartha sin atá i gcló-éadan **dearg**. Meastar Údarás Áitiúla a bheith ina 'bpríomh-chomhpháirtithe' i leith na ngníomhartha sin sa Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht atá liostaithe i gcló-éadan **lodólach trom dearg** thíos.

Cuspóir 1 Bithéagsúlacht a phríomhshruthú isteach sa chinnteoireacht ar fud gach earnála (25 Ghníomh)

Sprioc 1.1: Go dtuigeann na hearnálacha go léir go bhfuil freagracht chomhroinnte orthu as an mbithéagsúlacht a chaomhnú agus as úsáid inbhuanaithe a bhaint as a cuid gnéithe, agus go ngníomhaíonn siad dá réir (18 gníomh, a bhfuil sé cinn díobh ábhartha do PGÁB Lú)

1.1.2. Bainfidh polasaithe ábhartha na hearnála Poiblí agus Príobháidí úsáid as an dea-chleachtas in uirlisí SEA, AA agus eile chun a chinntiú go mbíonn machnamh ceart ar an mbithéagsúlacht i bpolasaithe agus pleananna

1.1.3. Gluaiseann na hÚdaráis Phoiblí go léir agus an earnáil príobháideach i dtreo easpa ghlanchailteanas bithéagsúlachta trí straitéisí, pleanáil, bearta maolaithe, fritháireamh cuí agus/nó infheistíocht in infreastructúr glas/gorm

1.1.4. An saineolas éiceolaíoch in údaráis áitiúla, i Ranna Rialtais ábhartha agus i ngníomhaireachtaí ábhartha a neartú

1.1.5. Déanfaidh Údaráis Áitiúla athbhreithniú agus nuashonrú ar a bPleananna Gníomhaíochta Bithéagsúlachta agus Oidhreachta

1.1.6. Déanfaidh Údaráis Áitiúla athbhreithniú agus nuashonrú ar a bpleananna agus polasaithe Forbartha le go n-áireoidh siad polasaithe agus cuspóirí chun bithéagsúlacht a chosaint agus a athchóiriú

1.1.7. Infreastructúr Glas a fhorbairt ag leibhéal áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta agus réitigh dúlra-bhunaithe a chur chun cinn chun líonra soiléir agus comhtháite a sholáthar

1.1.8. Leanúint de threoir a tháirgeadh maidir le cosaint na bithéagsúlachta i limistéir ainmnithe, sa mhuir agus faoin tuath i gcoitinne d'Údaráis Áitiúla agus earnálacha ábhartha (is gníomh rialtais láir é seo dáiríre)

Sprioc 1.2: Reachtaíocht neartaithe a thacaíonn le dul i ngleic le cailteanas bithéagsúlachta in Éirinn (seacht gníomh, nach bhfuil ceann ar bith díobh laistigh de pharaiméadair oibríochtúla Chomhairle Contae Lú)

Cuspóir 2 An bonn eolais do chaomhantas, bainistiú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta a neartú (24 gníomh, a bhfuil roinnt ábharthachta do PGÁB Lú ag na cinn seo a leanas)

Sprioc 2.1: Mar thoradh ar eolas faoi sheirbhísí bithéagsúlachta agus éiceachórais tá ár gcumas le caomhnú, bainistíocht éifeachtach agus úsáid inbhuanaithe a chinntiú méadaithe go mór faoi 2021 (24 gníomh, a bhfuil sé cinn díobh ábhartha, lena n-áirítear ceann amháin ina bhfuil Údarás Áitiúla liostaithe mar 'phríomh-

chomhpháirtithe’)

2.1.3. Mapaí náisiúnta do ghnáthóga talún, cumhdach talún, úsáid talún agus seirbhís éiceachórais a chur i gcrích

2.1.6. Measúnuithe a dhéanamh ar stádas, treochtaí agus dáileadh ghnáthóga agus speicis leasa uile AE agus gnáthóga agus speicis bhreise a bhfuil tábhacht náisiúnta agus réigiúnach leo

2.1.7. Tacaíocht agus spreagadh a thabhairt do líonra na n-oibrithe deonacha agus pobail áitiúla taifeadadh bithéolaíochta agus aon tionscadail eolaíochta eile do shaoránaigh a dhéanamh

2.1.8. A chinntiú go ndírítear go héifeachtach ar dheiseanna ar chómhaoiniú idirnáisiúnta chun cuidiú le cur i bhfeidhm an PGNB seo trí chomhairliúchán idir maoinitheoirí, taighdeoirí agus úsáideoirí taighde

2.1.12. Leanfaidh na hÚdaráis Áitiúla de shuirbhéanna ar na fálta sceach

2.1.18. Taighde a dhéanamh ar an mbagairt atá ann ar bithéagsúlacht mhuirí na hÉireann ó bhruscar mara lena n-áirítear micreaphlaistigh, aigéadú aigéin agus torann

Cuspóir 3 Cur leis an bhfeasacht agus an meas ar bithéagsúlacht agus seirbhísí éiceachórais (áirítear leis ocht ngníomh san iomlán, a meastar seacht gcinn díobh a bheith ábhartha do PGÁB Lú, lena n-áirítear ceann amháin ina bhfuil Údaráis Áitiúla sonraithe mar eagraíochtaí soláthair; “príomh-chomhpháirtithe”)

Sprioc 3.1: Tuiscint fheabhsaithe ag an lucht déanta beartas, ag gnólachtaí, ag páirtithe leasmhara, ag pobail áitiúla agus ag an bpobal i gcoitinne ar luach na bithéagsúlachta agus seirbhísí éiceachórais (ocht ngníomh)

3.1.1. Comhairliúchán a dhéanamh le pobail áitiúla agus páirtithe leasmhara chun cuidiú le cuspóirí an phlean seo a bhaint amach

3.1.2. Feabhas a chur ar oiliúint, cumarsáid, comhoibriú agus gníomh comhbheartaithe idir na hearnálacha ábhartha ag tacú le caomhnú na bithéagsúlachta

3.1.3. Feasacht a mhéadú in eagraíochtaí san earnáil phríobháideach faoi thionchair agus spleáchais ar bithéagsúlacht agus seirbhísí éiceachórais

3.1.4. Tacú le táirgí raidió, teilifíse, gréasánbhunaithe agus meáin eile a leagann béim ar, nó atá dírithe ar, chur i láthair na bithéagsúlachta, a tábhacht, agus dúshláin reatha nó amach anseo

3.1.6. Bithéagsúlacht agus seirbhísí éiceachórais a chur san áireamh i gcúrsaí ábhartha san oideachas bunscoile, iar-bhunscoile agus tríú leibhéal

3.1.7. Feachtas cumarsáide a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm mar thacaíocht le tuiscint phobail agus earnála ar luach na bithéagsúlachta agus cur i bhfeidhm iomlán an PGNB seo

3.1.8. Caidreamh a dhéanamh le húinéirí talún, leis an earnáil feirmeoireachta agus leis an earnáil dotharshaothraithe chun tairbhí an chaomhnaithe agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta a chur chun cinn

Cuspóir 4 Bithéagsúlacht agus seirbhísí éiceachórais a chaomhnú agus a athchóiriú faoin tuath i gcoitinne (27 nGníomh san iomlán, a bhaineann le cúig ‘Sprioc’)

Sprioc 4.1: Deiseanna barrfheabhsaithe faoi pholasaithe i leith talmhaíochta agus forbartha tuaithe, foraoiseachta agus polasaithe ábhartha eile chun tairbhí a bhaint amach don bhithéagsúlacht (naoi ngníomh, a bhfuil an chuid is mó díobh lasmuigh de shainchúram PGÁB Lú)

4.1.8. An Plean Uile-Éireann do Phailneoirí a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear: tuath na hÉireann a dhéanamh níos oiriúnaí do phailneoirí; feachtas a mhéadú faoi phailneoirí; tacú le beachairí agus saothróirí; leathnú ar eolas faoi phailneoirí; agus fianaise a bhailiú chun athruithe a rianú

Sprioc 4.2: Go laghdófaí na príomhbhrúnna truaileáin ar bhithéagsúlacht talún agus fionnuisce go suntasach faoi 2020 (dhá ghníomh, a bhfuil an dá cheann díobh ábhartha do PGÁB Lú toisc gur ‘príomh-chomhpháirtithe’ iad Údaráis Áitiúla)

4.2.1. Leanúint den chosaint, feabhsú agus monatóireacht ar cháilíocht sa dara timthriall den Creat-treoir Uisce (2015-2021) trí laghdú ar rioscaí do cháilíocht uisce agus úsáid a bhaint as saineolas éiceolaíochta sa chinnteoireacht, agus san anailís ar thionchair charnacha

4.2.3. Moltaí a chur i bhfeidhm ó Shraith Tuarascálacha Uimh. 99 de EPA STRIVE (*Management Strategies for the Protection of High Status Waterbodies*) lena n-áirítear, i measc beart eile: tosaíocht do bhearta cosanta; rialú ar phleanáil/ceadúnú; measúnú ar thionchair charnacha; agus monatóireacht agus cosaint chomhtháite

Sprioc 4.4: Tá srian ar speicis choimhthíocha ionracha dhíobhálacha agus tá riosca laghdaithe maidir le tabhairt isteach agus/nó scaipeadh speiceas nua (seacht ngníomh, a bhfuil Údaráis Áitiúla luaite i dtrí cinn díobh, agus mar a bhfuil príomhról amháin i gceist)

4.4.2. Pleananna náisiúnta agus uile-oileáin a fhorbairt chun Rialachán AE um Speicis Choimhthíocha Ionracha (IAS) agus ailt ábhartha de Rialachán AE (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha) 2011 na hÉireann a chur i bhfeidhm lena n-áirítear: pleananna bithshlándála a fhorbairt agus a ghlacadh i gcomhlachtaí stáit ábhartha; Prótacal Mearfhreagartha d’oileán na hÉireann; agus comhordú agus tiomsú ar shonraí faireachais agus monatóireachta faoi speicis ionracha; agus obair le húdaráis Thuaisceart Éireann agus RA maidir le speicis ionracha a bhfuil imní orthu araon fúthu

4.4.3. Leanúint de bhearta don scrios, más indéanta, rialú agus smachtú ar speicis ionracha, agus na bearta sin a bhreisíú

4.4.4. Plandlanna gortóireachta a spreagadh chun speicis, cineálacha agus póirthe dúchasacha a tháirgeadh ó fhoinsí dúchasacha cuí do phlanduithe earnála poiblí agus earnála príobháidí. Déanfaidh comhlachtaí poiblí iarracht speicis dhúchasacha a chur d’fhonn an iompórtáil de speicis, cineálacha agus póirthe neamhdhúchasacha a laghdú

Cuspóir 5 Bithéagsúlacht agus seirbhísí éiceachórais a chaomhnú agus a athchóiriú sa timpeallacht mhuirí (áirítear leis ocht ngníomh san iomlán, atá roinnte go cothrom idir dhá sprioc)

Sprioc 5.1: Dul chun cinn déanta i dtreo dea-stádas éiceolaíoch agus comhshaoil na n-uiscí muirí thar thréimhse an Phlean seo (ceithre ghníomh, a bhfuil Údaráis Áitiúla luaite mar phríomh-chomhpháirtithe in dhá cheann díobh)

5.1.2. Bearta a chur i bhfeidhm chun stádas maith éiceolaíochta agus comhshaoil a fháil do ghnáthóga muirí agus cósta mar a éllíonn an Treoir maidir le Gnáthóga, an Chreat-treoir Uisce, agus an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí (MSFD) agus i gcomhréir le Coinbhinsiún OSPAR (an Coinbhinsiún um Chosaint Mhuirí) agus an Atlantaigh Thoir Thuaidh)

5.1.4. Cur chun cinn ar chorprú de ghnéithe innealtóireachta éiceolaíochta i struchtúir nua agus struchtúir atá ann cheana amhail cosaintí cósta

Sprioc 5.2: Leibhéal stoic iasc cothaithe nó tugtha ar ais chuig leibhéal atá ábalta uastoradh inbhuanaithe a tháirgeadh, más féidir, tráth nach déanaí ná 2020

Cuspóir 6 Bainistiú limistéar faoi chosaint agus speiceas atá cosanta faoin dlí a leathnú agus a fheabhsú (17 ngníomh)

Sprioc 6.1: Líonra Natura 2000 ainmnithe agus faoi bhainistíocht caomhantais éifeachtach faoi 2020 (Deich ngníomh, a bhfuil Údaráis Áitiúla sonraithe mar 'phríomh-chomhpháirtithe' in dhá cheann díobh)

6.1.2. Córas ceadúnaithe agus toilithe a fhorbairt agus a úsáid chun cuidiú le gníomhaíochtaí inbhuanaithe laistigh de láithreáin Natura 2000

6.1.7. Cur i bhfeidhm ar na bearta caomhnaithe atá riachtanach chun na cuspóirí caomhnaithe foilsithe do láithreáin Natura 2000 a bhaint amach. Bearta breise a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm más gá chun stádas caomhnaithe fabhrach a bhaint amach ag leibhéal náisiúnta agus ag leibhéal an láithreáin

6.1.10. Leanúint d'eolas a bhailiú faoi láithreáin atá le breithniú i dtaca le cosaint agus feabhsú líonra na Limistéar Oidhreachta Nádúrtha

Sprioc 6.2: Feabhas suntasach curtha ar leordhóthain, comhchuibheas, comhcheangailteacht agus athléimneacht líonra na limistéar faoi chosaint faoi 2020 (dhá ghníomh)

6.2.1. Méadú ar nascacht líonra na limistéar faoi chosaint, agus úsáid á baint as criosanna maolánacha cuí, conairí, clocha cora agus/nó bealaí eitlete

Sprioc 6.3: Gan stádas caomhantais ag dul chun donais a bheith ag speiceas ar bith faoi chosaint faoi 2020; stádas caomhantais fabhrach ag tromlach na speiceas, nó iad ag gluaiseacht i dtreo an stádais sin, faoi 2020 (cúig ghníomh)

6.3.4. Pleananna gníomhaíochta speicis a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear cinn dóibh seo a leanas: Iora Rua, Cearc Fraoigh, Patraisc Bhroinnliath, Cromán na gCearc agus éin chreice a tugadh isteach arís, agus tús a chur le gníomhartha bainistíochta eile de réir mar is gá

Cuspóir 7: Neartú a dhéanamh ar an rialachas idirnáisiúnta maidir le bithéagsúlacht agus seirbhísí éiceachórais (deich gníomh san iomlán, nach bhfuil ach na cinn sin a bhaineann le Tuaisceart Éireann ábhartha don PGÁB seo)

Sprioc 7.1: Tacaíocht neartaithe don bhithéagsúlacht agus seirbhísí éiceachórais i gcabhair sheachtrach (gníomh amháin)

Sprioc 7.2: Tuilleadh a chur le rialachas idirnáisiúnta maidir le bithéagsúlacht agus seirbhísí éiceachórais (dhá ghníomh)

Sprioc 7.3: Comhoibriú feabhsaithe le Tuaisceart Éireann maidir le saincheisteanna comhchoiteanna (trí ghníomh)

7.3.1. Leanúint de chumarsáid agus de ghníomhaíocht chomhchuibhithe ar shaincheisteanna a bhfuil imní chomónta fúthu, lena n-áirítear reachtaíocht idirnáisiúnta a chur i bhfeidhm agus dul i ngleic le coiriúlacht fiadhúlra

7.3.2. Comhoibriú agus comhordú (nuair is féidir agus nuair is ábhartha) ar thionscnaimh um fhaireachas Speiceas agus Gnáthóg faoi na Treoracha maidir le Gnáthóga agus maidir le hÉin (e.g., suirbhéanna rón Uile-Éireann; scéim Uile-Éireann um thráchur céiticeach, Liosta Dearg Uile-Éireann d'Éin, Grúpa Taighde Uile-Éireann um an gCadhan)

Sprioc 7.4: Laghdú ar thionchar na trádála Éireannaí ar bhithéagsúlacht agus seirbhísí éiceachórais domhanda (ceithre ghníomh)

7.4.1. Bearta a ghlacadh chun laghdú suntasach a dhéanamh ar thionchair dhiúltacha na trádála ar an mbithéagsúlacht agus chun tionchair dhearfacha a fheabhsú

An comhthéacs áitiúil, Contae Lú

Tá Lú ar cheann de na contaetha is stairiúla in Éirinn. Ba é an Rí Eoin ar Shasana agus an chéad duine de 'Thiarnaí Éireann' a chruthaigh é go luath sa 13^ú haois. Tá sé ar an gcontae is lú in Éirinn freisin, agus é pas beag níos mó ná 800 ciliméadar cearnach san iomlán (atá ar cóimhéid, beagnach, le leithinis Inis Eoghain i gContae Dhún na nGall thoir thuaidh). Mar sin féin, tá Lú lonnaithe go straitéiseach, áit a bhfuil Dún Dealgan, an baile contae, lonnaithe leath bealaigh idir Béal Feirste agus Baile Átha Cliath ar cheann de na bealaí cumarsáide is gnóthaí sa chontae. Tá Droichead Átha, an baile is mó in Éirinn, lonnaithe i ndeisceart an chontae agus ar na bealaí cumarsáide gnóthacha céanna agus ar an mBóinn. Tá Lú ina láthair rí-inmhianaithe le haghaidh gnólachtaí agus teaghlach araon. Éascaíonn sé rochtain réidh ar an dá chathair is mó ar oileán na hÉireann.

Is contae cósta é Lú. Tríd is tríd, tá sé ar thalamh íseal agus tá sé torthúil, grianmhar agus measartha tirim. Chomh maith leis sin, faigheann sé dea-sholáthar uisce ó aibhneacha a ardaíonn i gcontaetha eile níos fliche, a shreabhann trí Lú chun Muir Éireann a shroicheadh. Is iad na heisceachtaí príomha ar an machaire torthúil arúil sin ná sléibhte arda carraigeacha leithinis Chuaille sa tuaisceart agus Cnoic Oiriall, a scarann Gleann na Bóinne sa deisceart ón gcuid eile de Lú.

Tá Lú faoi dhlús mór daoine (i gcomparáid leis an gcuid eile d'Éirinn), áit arb ionann an daonra agus thart ar 130,000 duine, agus déantar dianfheirmeoireacht air freisin. Tá an-chuid de Lú rí-oiriúnach d'fheirmeoireacht arúil. Dá bhrí sin, bhíodh sé rí-inmhianaithe do na coilínigh Normannacha a d'urghabh an contae go mall sa 12^ú haois, agus roinnt bailte múrtha á mbunú acu. Tar éis do na Normannaigh an-chuid de Thuaisceart agus Iarthar na hÉireann a thréigean tar éis na Plá Móire, choinníte smacht ar Lú agus bhíodh sé ina chuid thábhachtach den Pháil sna Meánaoiseanna deireanacha, tráth a bhíodh sé scartha ó Ulaidh Ghaelach, a bhíodh faoi fheirmeoireacht eallaigh, trí 'pháil'.

Is contae teorann é Lú fós. Líonann sé an cúinne thoir thuaidh de stát na hÉireann, agus é ag teorannú dhá chontae i gcríoch Thuaisceart Éireann, ar choinnigh an Ríocht Aontaithe í tráth a bhain an chuid eile d'Éirinn neamhspleáchas amach sa bhliain 1922. Is tábhachtach don fhiadhúlra atá formhór na limistéar sna teorainneacha idir Lú agus a chomharsana ó thuaidh. Áirítear leo sin Loch Cairlín agus sléibhte Lú thuaidh agus Ard Mhacha theas. Nuair a bhí Éire agus an Ríocht Aontaithe araon ina mbaill den Aontas Eorpach, bhí dlíthe cosúla acu ó thaobh chosaint an fhiadhúlra de. Is féidir go dtiocfaidh athrú ar an staid sin, áfach, de bharr impleachtaí an Bhreitheachta.

An bhithéagsúlacht i Lú

Tá ag Lú ceann amháin de na dlúis daonra is airde in Éirinn. Chomh maith leis sin, tá talamh feirme torthúil táirgiúil agus dea-aeráid aige. Is féidir go mbeidh claonadh ann a chreidiúint nach bhfuil aon limistéir atá fiáin agus saibhir ó thaobh na bithéagsúlachta de ag Lú. Ní fíor sin, áfach. Tá Lú saibhir ó thaobh na bithéagsúlachta de, cé go bhfuil sí le fáil go príomha ar a chóstaí agus ina limistéir abhann agus ardtalún. Tá an chuid is mó de chósta Lú lonnaithe laistigh de láithreáin bhithéagsúlachta atá faoi chosaint Eorpach.

Tá ag Lú an céatadán limistéarach is ísle de choillte dúchasacha nó leathanduilleacha, agus é cothrom le 0.18% den chontae (níos lú ná cúigiú céadú d'achar an chontae). Tá ag Lú an céatadán is ísle dá achar talún atá cumhdaithe ag lochanna. Fágann na figiúirí sin go bhfuil sé níos tábhachtaí fós na coillte agus na lochanna atá againn a chosaint, a bhreisiú agus a athchóiriú agus, más féidir, iad a leathnú.

Is é Comhairle Caomhnaithe Phortaigh na hÉireann an carthanas deonach caomhantais portach is mó in Éirinn. Liostaíonn sí 736 láithreán thábhachtacha sa Stát, a bhfuil 11 cheann díobh lonnaithe i Lú (is láithreán comhroinnte é ceann amháin díobh). Tá an-chuid de Shléibhte Chuaille nó de Shliabh Feá faoi chumhdach móna, ar 'slogaíde' an-luachmhar Carbóin é.

Fágann dianfheirmeoireacht Lú go mbíonn ag éirí go geal leis an gcontae i dtaca le gnáthóg fiadhúlra thábhachtach amháin. I measc na gcontaetha uile ina ndearnadh suirbhéanna samplacha, tá ag Lú an dlús is

airde d'fhálta sceach. Tá sé pas beag chun tosaigh ar Mhuineachán, contae atá comharsanach leis. Tá tábhacht ag fála sceach astu féin mar ghnáthóga inar féidir le hainmhithe fiáine cónaí iontu. Gníomhaíonn siad mar chonairí tábhachtacha fiadhúlra freisin, áfach, toisc go gcabhraíonn siad le speicis plandaí agus ainmhithe gluaiseacht agus scaipeadh trí thírdhreach atá gan chrainn ar shlí eile, beagnach.

Is áiteanna tábhachtacha don bithéagsúlacht iad bogaigh. Rinne Comhairle Contae Lú suirbhé ar gheall le leath bhogaigh an chontae agus fuair sí amach go ndearnadh roinnt mhaith díobh a chailleadh (a thruailliú, a dhraenáil nó a inlónadh) thar na blianta. Tá sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, go gcosnóimis na bogaigh a thioctaidh slán as agus go gcosnóimis iad mar aonaid hidreolaíoch fheidhmiúla.

Cosaint idirnáisiúnta agus náisiúnta na bithéagsúlachta laistigh de Chontae Lú

Mar bhall den Aontas Eorpach, ní mór d'Éirinn Treoracha Eorpacha a chur chun feidhme. Leis na Treoracha maidir le hÉin agus maidir le Gnáthóga, ceanglaítear ar Éirinn láithreáin a bhfuil tábhacht Eorpach (nó tábhacht níos airde) leo a ainmniú agus a chosaint le haghaidh caomhantais bithéagsúlachta.

Cosaint áitiúil na láithreán bithéagsúlachta (fiadhúlra) laistigh de Chontae Lú

Leis an bPlean Forbartha Contae do Chontae Lú (agus le pleananna eile limistéir áitiúil), cosnaítear na láithreáin sin a ainmníodh mar Limistéir bheartaithe Oidhreachta Nádúrtha faoin Acht um Fhiadhúlra (Leasú), 2000 (agus a ainmníodh ar dtús mar Limistéir is Ábhar Spéise ó thaobh Eolaíochta faoin Acht um Fhiadhúlra, 1976).

I Suirbhé Bogaigh Lú (2011 go 2014), sainaitníodh a lán láithreán breise nár aithníodh roimhe sin agus a cháiligh lena n-ainmniú mar Limistéir Oidhreachta Nádúrtha (féach gníomhartha 2.1.6 agus 6.1.10 faoi PGNB). Sa Suirbhé Oidhreachta Geolaíche ar Lú (2013), sainaitníodh a lán láithreán geolaíoch a cháiligh lena n-ainmniú mar Limistéir Oidhreachta Nádúrtha geolaíche (agus mar Láithreáin Gheolaíoch Chontae). Is ag an Stát, agus ní ag Comhairle Contae Lú, atá an chumhacht dhlíthiúil chun Limistéir Oidhreachta Nádúrtha a ainmniú. Agus an méid seo á scríobh, ní dhearnadh aon Limistéir Oidhreachta Nádúrtha i Lú a ainmniú go hiomlán fós.

Cosnaítear leis an bPlean Forbartha Contae freisin grúpaí roghnaithe crann ar a scriosadh le haghaidh forbairt thógtha. Déantar amhlaidh ar chúiseanna taitneamhachta (radharcacha) go príomha agus ní toisc gur gnáthóga fiadhúlra iad. Déantar é sin tríd an ngrúpa crann a liostú sa Plean Forbartha Contae nó ar bhonn níos foirmiúla trí Ordú Slánchoimeáda Crann a rith i dtaca leis an gcrann nó na crainn.

Conas a dhéanann an gá leis an mbithéagsúlacht a chaomhnú difear do ghrúpálacha sóisialta agus gnó?

Teastaíonn ó thógálaithe agus ó fhorbróirí, lena n-áirítear an Chomhairle, eolas a bheith acu ar cén áit a bhfuil na láithreáin fiadhúlra is tábhachtaí lonnaithe agus ar cé na hoibreacha nó na gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh damáiste a dhéanamh dóibh. Ní mór na hoibreacha a phleanáil ionas nach ndéanfar aon damáiste do na láithreáin sin agus, más féidir, go mbreiseofar iad fiú (glanhnóthachan bithéagsúlachta). Tá sé an-tábhachtach breithniú a dhéanamh ar an nascacht chuig láithreáin bithéagsúlachta chosanta. Is féidir nach dtiocfaidh fadhbanna as forbairtí atá ríchóngarach do na láithreáin sin. Ar an taobh eile, is féidir go dtiocfaidh fadhbanna as forbairtí eile atá lonnaithe deich gciliméadar suas an abhainn.

Faigheann feirmeoirí agus foraoiseoirí comhairle ó Theagasc agus ón tSeirbhís Foraoiseachta, ar craobhacha iad den Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara. Níl freagracht phríomhúil ar Chomhairle Contae Lú as feirmeoireacht agus foraoiseacht a rialáil. Cinnteoidh an Chomhairle, áfach, go mbeidh baill foirne ón dá ghníomhaireacht ar an eolas faoi láthair na láithreáin bithéagsúlachta agus na mbogach cosanta uile sa chontae chun go mbeidh siad in ann leas a bhaint as a gcórais rialála chun cosc a chur ar fhorbairtí a d'fhéadfadh damáiste a dhéanamh do na láithreáin sin.

Iascairí agus slatiascairí. Is í an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara a rialálann iascaireacht mara, agus féachfaimid le caidreamh oibre a chothú leis an gcuid sin den Roinn agus le Bord Iascaigh Mhara. Oibreimid

freisin le grúpaí slatiascaireachta agus le leasanna gaolmhara, amhail lascaigh Intíre Éireann, chun cuspóirí an phlean seo a bhaint amach.

BEARTAIS BHEARTAITHE DO PHLEAN GNÍOMHAÍOCHTA ÁITIÚIL BITHÉAGSÚLACHTA LÚ 2020 – 2025
(atá curtha i láthair in ord an Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht 2017 – 2021).

Tá an rannóg de chuid Chomhairle Contae Lú a bhfuil an phríomhfhreagracht uirthi agus an t-amscála atá i gceist liostaithe i gcló dearg tar éis gach gnímh

Cuspóir 1: Bithéagsúlacht a phríomhshruthú isteach sa chinnteoireacht ar fud gach earnála

Gníomh faoi PGÁB Lú

- 1 Leanfaidh Comhairle Contae Lú leis an dea-chleachtas ó thaobh Measúnachta Straitéisí Timpeallachta, Measúnachta Cuí agus uirlisí eile measúnachta de a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go ndéanfar breithniú cuí ar an mbithéagsúlacht nuair a bheidh beartais agus pleananna á gceapadh, a mhéid a bhainfidh leis na tionscadail sin a bheidh á gcur chun cinn aici thar a ceann féin agus mar chuid den ról atá aici mar údarás rialála, e.g., i réimse na pleanála, na bainistíochta dramhaíola, etc. Áireofar leis sin dianchur chuige a ghlacadh i leith forfheidhmiú agus a cheangal go réiteofaí aon damáiste a dhéanann gníomhaíochtaí neamhúdaraithe don chomhshaol. (Gníomh 1.1.2 faoi PGNB) **AN RANNÓG PLEANÁLA, an Rannóg Comhshaoil, an Rannóg Bonneagair, an Rannóg Oibríochtaí, an Rannóg Seirbhísí Uisce – AR SIÚL**
- 2 Ceanglóidh Comhairle Contae Lú nach mbeadh aon ghlanchailteanas bithéagsúlachta ag baint le deonuithe cead pleanála ná le haon gníomhaíocht eile inar féidir go mbeidh ról rialála aici agus, más féidir déanamh amhlaidh, ceanglóidh sí glanghnóthachan don bhithéagsúlacht (Gníomh 1.1.3 faoi PGNB, bunaithe ar an Straitéis AE) **AN RANNÓG PLEANÁLA – AR SIÚL**
- 3 Imscrúdóidh Comhairle Contae Lú an fhéidearthacht atá ann sainsaoráid theicniúil chomhairleach um bithéagsúlacht a bhunú, ar choinníoll go soláthróidh an rialtas na hacmhainní riachtanacha (Gníomh 1.1.4 faoi PGNB) **AN FHOIREANN ARDBHAINISTÍOCHTA, CHOMH LUATH AGUS IS FÉIDIR**
- 4 Rinne Comhairle Contae Lú athbhreithniú ar an Dréacht-Phlean Gníomhaíochta Áitiúil Bithéagsúlachta uaithe don bhliain 2015 agus dhréachtaigh sí plean nua. Glacfaidh Comhairle Contae Lú na pleananna nua roimh dheireadh na bliana 2020 (Gníomh 1.1.5 faoi PGNB) **AN TOIFIGEACH OIÐHREACHTA, CHOMH LUATH AGUS IS FÉIDIR**
- 5 Rinne Comhairle Contae Lú athbhreithniú ar an bPlean Forbartha Contae uaithe le linn di an Plean Forbartha Contae don tréimhse 2021 – 2027 a scríobh. Tá cosaint agus athchóiriú na bithéagsúlachta cumhdaithe i gcaibidil nua ar leith ar an Oidhreacht Nádúrtha anois. Cruthófar Pleananna Forbartha Áitiúla bunaithe ar an bPlean Forbartha Contae nua sin agus tabharfar aghaidh ar an mbithéagsúlacht iontu ar bhealach comhchosúil (Gníomh 1.1.6 faoi PGNB) **AN RANNÓG PLEANÁLA – ar siúl tar éis an Plean Forbartha Contae nua don tréimhse 2021 - 2017 a ghlacadh**
- 6 Rinne Comhairle Contae Lú athbhreithniú ar an Straitéis Bonneagair Ghlais uaithe don chontae le linn di Plean Forbartha Contae nua don tréimhse 2021 – 2027 a fhorbairt. Déanfar breithniú ar an mbaint a d'fhéadfadh a bheith ag Straitéis Bonneagair Ghlais Chontae Lú le straitéisí comhchosúla do chontaetha cóngaracha agus do réigiúin chónagaracha agus don chuid eile den tír agus ar an dóigh a bhféadfadh an Straitéis Bonneagair Ghlais comhtháthú le straitéisí den sórt sin (Gníomh 1.1.7 faoi PGNB) **AN RANNÓG PLEANÁLA – féach Beartas NBG 52 sa Phlean Forbartha Contae**
- 7 Beidh aird chuí ag Comhairle Contae Lú ar aon treoir, agus ar gach treoir, a eiseoidh údaráis náisiúnta maidir leis an mbithéagsúlacht a chosaint i limistéir ainmnithe, ar muir agus faoin tuath i gcoitinne (Gníomh 1.1.8 faoi PGNB) **GACH RANNÓG THEICNIÚIL, le tacaíocht ón Oifig Oidhreachta**

Cuspóir 2: An bonn eolais do chaomhantas, bainistiú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta a neartú

Sprioc 2.1: Mar thoradh ar eolas faoi sheirbhísí bithéagsúlachta agus éiceachórais tá ár gcumas le caomhnú,

bainistíocht éifeachtach agus úsáid inbhuanaithe a chinntiú méadaithe go mór faoi 2021

- 8 De réir na n-acmhainní a bheidh ar fáil, glacfaidh Comhairle Contae Lú páirt in aon chleachtadh náisiúnta le haghaidh gnáthóga talún, cumhdach talún, úsáid talún agus seirbhísí éiceachórais a léarscáiliú, agus í ag cur leis an obair a rinne sí cheana féin i réimse na bhfálta sceach agus na mbogach (Gníomh 2.1.3 faoi PGNB) **An Oifig Oidhreachta – de réir mar is cuí/de réir mar is gá**
- 9 Glacfaidh Comhairle Contae Lú páirt i suirbhéanna agus measúnuithe ar stádas, treochoaí agus dáileadh gach gnáthóige agus speicis is ábhar spéise don Aontas Eorpach agus ar ghnáthóga agus speicis eile a bhfuil tábhacht náisiúnta agus réigiúnach leo agus tacóidh sí leis na suirbhéanna agus na measúnuithe sin. Is trí phróisis phleanála agus trí phróisis rialála eile a ghintear cuid mhór sonraí bithéagsúlachta a d'fhéadfadh a bheith luachmhar. Ceanglóidh Comhairle Contae Lú ar iarratasóirí cóipeanna d'aon mheasúnuithe éiceolaíochta arna n-iarraidh aici mar chuid dá feidhm rialála a chur faoi bhráid an Ionaid Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta i bhformáid oiriúnach freisin. (Gníomh 2.1.6 faoi PGNB) **An Oifig Oidhreachta, an Rannóg Pleanála agus rannóga eile a bhfuil feidhmeanna rialála acu**
- 10 Tabharfaidh Comhairle Contae Lú tacaíocht, oiliúint agus spreagadh do bhaill foirne, do phobail áitiúla agus d'oibrithe deonacha chun tabhairt faoi thaifeadadh bitheolaíoch agus faoi thionscadail eile eolaíochta/chaomhantais de chuid saoránach (Gníomh 2.1.7 faoi PGNB) **An Oifig Oidhreachta, le comhar ó rannóga eile**
- 11 Imscrúdóidh Comhairle Contae Lú an fhéidearthacht atá ann sainchúrsaí oiliúna a reáchtáil d'oibrithe deonacha (agus an t-éileamh ar na cúrsaí sin) chun gur féidir leo saineolas áitiúil a ghnóthú i suirbhéireacht agus taifeadadh a dhéanamh ar thacsóin nach bhfuil chomh hinfheicthe céanna, amhail ialtóga, beacha, reiptílí/amfaibiaigh, caonaigh agus aelusanna (Gníomh 2.1.7 faoi PGNB). **An Oifig Oidhreachta – thar shaolré an phlean seo, d'fhonn cúrsaí amháin a reáchtáil gach bliain**
- 12 Cinnteoidh Comhairle Contae Lú go spriocdhíreofar go héifeachtach ar dheiseanna cistiúcháin chomhoibríoch idirnáisiúnta chun cabhrú leis an bPlean seo a chur chun feidhme. Ghlac Comhairle Contae Lú páirt in dhá thionscadal bithéagsúlachta arna gcistiú ag INTERREG roimhe seo, agus ceann amháin díobh faoi stiúir ag Ollscoil na Banríona, Béal Feirste (Gníomh 2.1.8 faoi PGNB) **An Oifig Oidhreachta, le tacaíocht ón oifig um Chistiú Eorpach agus le comhaontú ón bhFoireann Ardbhainistíochta**
- 13 Forbróidh Comhairle Contae Lú treoircéim chun suirbhéireacht a dhéanamh ar an riocht atá ar chiumhaiseanna agus fálta roghnaithe cois bóthair. Chomh maith leis sin, breithneoidh sí an fhéidearthacht atá ann Scéim Bhliantúil Dámhachtana Fálta Sceach (nó a leithéid) a bhunú don chontae, áit a n-ainmneodh úinéirí príobháideacha a bhfálta sceach feirme féin lena measúnú le haghaidh dámhachtainí (Gníomh 2.1.12 faoi PGNB) **An Oifig Oidhreachta – 2021 - 2022**
- 14 Leanfaidh Comhairle Contae Lú le Suirbhé bliantúil CoastWatch a chomhordú laistigh den chontae agus le tacaíocht a thabhairt don Suirbhé. Féachfaidh sí le cumhdach chósta Lú a uasmhéadú trí leas a bhaint as baill foirne agus oibrithe deonacha, agus 20% de chósta Lú (52 aonad) á chumhdach aici faoin mbliain 2026 (Gníomh 2.1.18 faoi PGNB) **An Oifig Oidhreachta, i gcomhar le 'hoibrithe deonacha' ó rannóga eile – ar siúl**

Cuspóir 3: Cur leis an bhfeasacht agus an meas ar bithéagsúlacht agus seirbhísí éiceachórais

- 15 Leanfaidh Comhairle Contae Lú le dul i dteagmháil le pobail áitiúla (e.g., scoileanna, grúpaí Bailte Slachtmhara) agus le geallsealbhóirí áitiúla (e.g., Slatiascairí, Cumann Dobharcheantar agus Cósta Abhainn Oiriail, Iontaobhas Dúlra Lú) agus le tacaíocht a thabhairt dóibh chun cabhrú le cuspóirí an phlean seo a bhaint amach (Gníomh 3.1.1 faoi PGNB) **An Oifig Oidhreachta agus an Oifig Pobail maidir leis an Líonra Rannpháirtíochta Pobail, etc., Comhpháirtíocht LEADER Lú – ar siúl**
- 16 De réir na n-acmhainní a bheidh ar fáil, leanfaidh Comhairle Contae Lú le hoiliúint, cumarsáid,

- comhar agus gníomhaíocht chomhbheartaithe a éascú idir earnálacha ábhartha sa limistéar áitiúil, baill foirne ina measc, chun tacú le caomhantas bithéagsúlachta (Gníomh 3.1.2 faoi PGNB) **An Oifig Oidhreachta agus an Oifig Pobail maidir leis an Líonra Rannpháirtíochta Pobail, etc., Comhpháirtíocht LEADER Lú – ar siúl**
- 17 Méadóidh Comhairle Contae Lú feasacht in eagraíochtaí san earnáil phríobháideach (trí Chomhlachais Tráchtála, trí chuideachtaí de chuid Limistéar Feabhsaithe Gnó, etc.) ar thionchair agus spleáchais an gheilleagair ar an mbithéagsúlacht agus seirbhísí éiceachórais (Gníomh 3.1.3 faoi PGNB) **An Oifig Oidhreachta, an Oifig Fiontair Áitiúil – ar siúl**
- 18 De réir na n-acmhainní a bheidh ar fáil, tacóidh Comhairle Contae Lú le táirgí raidió, teilifíse agus Gréasánbhunaithe agus táirgí meán eile ina leagtar béim ar an mbithéagsúlacht, ar an tábhacht a bhaineann léi agus ar dhúshláin reatha nó ar dhúshláin amach anseo nó atá dírithe ar na nithe sin (Gníomh 3.1.4 faoi PGNB) **An Oifig Oidhreachta – ar siúl**
- 19 Déanfaidh Comhairle Contae Lú dianiarracht tacú leis an oideachas comhshaoil – e.g., clár Scoileanna Glasa An Taisce agus clár na Speisialtóirí Oidhreachta i Scoileanna – ar mhaithe leis an mbithéagsúlacht agus seirbhísí éiceachórais a chur san áireamh i gcúrsaí ábhartha san oideachas bunscóile, iar-bhunscóile agus tríú leibhéal (Gníomh 3.1.6 faoi PGNB) **An Oifig Oidhreachta – ar siúl**
- 20 De réir na n-acmhainní a bheidh ar fáil, tacóidh Comhairle Contae Lú le feachtas cumarsáide a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun tacú le tuiscint phoiblí agus earnála ar luach na bithéagsúlachta agus le cur chun feidhme iomlán an Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht (Beartas 3.1.7 faoi PGNB) **An Oifig Oidhreachta – ar siúl**
- 21 De réir na n-acmhainní a bheidh ar fáil, déanfaidh Comhairle Contae Lú caidreamh le húinéirí talún, leis an earnáil feirmeoireachta agus leis an earnáil do Bharshaothraithe chun na tairbhí a bhaineann le caomhantas agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta a chur chun cinn ina measc. Áireofar leis sin Stádas maith a bhaint amach do gach uisce dromchla, bainistíocht íogair a dhéanamh ar fhálta sreach, meas a thabhairt ar an séasúr ‘dúnta’ le haghaidh bainistíocht fálta sreach agus fásra, agus cabhrú le haon Scéimeanna beartaithe áitiúla Agra-Chomhshaoil a fhorbairt (Gníomh 3.1.8 faoi PGNB) **An Oifig Oidhreachta, an Rannóg Pleanála, an Rannóg Comhshaoil – ar siúl**

Cuspóir 4 Bithéagsúlacht agus seirbhísí éiceachórais a chaomhnú agus a athchóiriú faoin tuath i gcoitinne

- 22 Cuirfidh Comhairle Contae Lú an Plean Uile-Éireann um Pailneoirí chun feidhme laistigh dá limistéar feidhme agus i gcomhar le húdarais eile, lena n-áireofar: a talamh féin a bhainistiú ar bhealach atá oiriúnach don bhithéagsúlacht agus do phailneoirí; tuath Lú a dhéanamh níos oiriúnaí do phailneoirí; feasacht a mhéadú faoi phailneoirí; tacú le beachairí agus saothróirí; eolas a mhéadú faoi phailneoirí; agus fianaise a bhailiú chun athruithe a rianú (Gníomh 4.1.8 faoi PGNB) **An Oifig Oidhreachta, an Rannóg Páirceanna (Oibríochtaí), an Rannóg Tithíochta – ar siúl**
- 23 Leanfaidh Comhairle Contae Lú le stádas éiceolaíoch uisce a chosaint agus a fheabhsú, agus le faireachán a dhéanamh air, le linn an dara timthriall den Chreat-treoir Uisce (2015-2021), lena n-áireofar rioscaí do cháilíocht uisce a laghdú agus úsáid a bhaint as saineolas éiceolaíoch nuair a bheidh cinní á ndéanamh agus nuair a bheidh tionchair charnacha á n-anailísiú (Gníomh 4.2.1 faoi PGNB) **An Rannóg Comhshaoil – ar siúl**
- 24 Déanfaidh Comhairle Contae Lú cur chun feidhme ar na moltaí atá i Sraith Tuarascálacha STRIVE Uimh. 99 (*Management Strategies for the Protection of High Status Waterbodies*) ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. Áireofar leo sin na bearta seo a leanas, i measc beart eile: tosaíocht do bhearta cosanta; rialú ar phleanáil/ceadúnú; measúnú ar thionchair charnacha; agus faireachán comhtháite agus cosaint chomhtháite (Gníomh 4.2.3 faoi PGNB) **An Rannóg Comhshaoil – ar siúl**

- 25 Cuirfidh Comhairle Contae Lú plean contae le chéile chun an Rialachán ón Aontas Eorpach maidir le Speicis Choimhthíocha Ionracha agus ailt ábhartha de Rialacháin na hÉireann maidir le hÉin agus Gnáthóga Nádúrtha, 2011, a chur chun feidhme, lena n-áireofar obair i gcomhar le húdaráis áitiúla eile sa Stát agus i dTuaisceart Éireann araon maidir le speicis ionracha is ábhar imní frithpháirteach (Gníomh 4.4.2 faoi PGNB) **An Oifig Oidhreachta, an Rannóg Oibríochtaí, an Rannóg Pleanála, an Rannóg Bonneagair – faoi dheireadh na bliana 2021**
- 26 Leanfaidh Comhairle Contae Lú le bearta a dhéanamh chun na speicis ionracha atá liostaithe i mbeartas an Aontais Eorpaigh nó i mbeartas na hÉireann a dhíothú, nuair is féidir, nó chun iad a rialú agus a shrianadh agus leanfaidh sí le bearta den sórt sin a fheabhsú (Gníomh 4.4.3 faoi PGNB) **An Oifig Oidhreachta, an Rannóg Oibríochtaí, an Rannóg Pleanála, an Rannóg Bonneagair – ar siúl**
- 27 Déanfaidh Comhairle Contae Lú dianiarracht speicis dhúchasacha a chur, nuair is cuí, chun iompórtáil speiceas neamhdhúchasach agus cineálacha neamhdhúchasacha a laghdú. Cruthóidh sé sin margadh ina dtabharfar spreagadh do phlandlanna gortóireachta áitiúla chun speicis dhúchasacha agus cineálacha dúchasacha a tháirgeadh ó fhoinsí dúchasacha cuí do phlanduithe earnála poiblí agus earnála príobháidí (Gníomh 4.4.4 faoi PGNB) **An Rannóg Páirceanna (Oibríochtaí) – ó thús na bliana 2021**

Cuspóir 5 Bithéagsúlacht agus seirbhísí éiceachórais a chaomhnú agus a athchóiriú sa timpeallacht mhuirí

- 28 Déanfaidh Comhairle Contae Lú cur chun feidhme ar bhearta chun stádas maith éiceolaíoch agus comhshaoil a bhaint amach do ghnáthóga muirí agus cósta, mar a cheanglaítear leis an Treoir maidir le Gnáthóga, leis an gCreat-treoir Uisce agus leis an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí agus i gcomhréir le Coinbhinsiún OSPAR (an Coinbhinsiún um chosaint mhuirthimpeallacht an Atlantaigh Thoir Thuaidh). Baineann sé sin go príomha leis an gcóras pleanála a úsáid chun rith damáisteach chun srutha isteach sa timpeallacht cósta agus sa mhuirthimpeallacht a chosc (Gníomh 5.1.2 faoi PGNB) **AN RANNÓG PLEANÁLA, le tacaíocht ón Oifig Oidhreachta – ar siúl**
- 29 Cothóidh Comhairle Contae Lú bearta chun gnéithe innealtóireachta éiceolaíche a chur san áireamh i struchtúir nua agus i struchtúir atá ann cheana amhail cosaintí cósta. Tugtar Innealtóireacht Ghlas, seachas Innealtóireacht Liath, air sin (Gníomh 5.1.4 faoi PGNB) **An Rannóg Oibríochtaí, an Rannóg Bonneagair, le tacaíocht ón Oifig Oidhreachta – ó ghlacadh an phlean seo i leith**

Cuspóir 6 Bainistiú limistéar faoi chosaint agus speiceas atá cosanta faoin dlí a leathnú agus a fheabhsú

- 30 Bainfidh Comhairle Contae Lú úsáid as córais cheadúnaithe agus toilithe chun gníomhaíochtaí inbhuanaithe, agus gníomhaíochtaí den sórt sin amháin, a éascú laistigh de láithreáin Natura 2000 (Gníomh 6.1.2 faoi PGNB) **An Rannóg Pleanála – ar siúl**
- 31 Déanfaidh Comhairle Contae Lú cur chun feidhme ar na bearta caomhantais a theastaíonn chun na cuspóirí foilsithe caomhantais do láithreáin Natura 2000 a bhaint amach, lena n-áireofar na láithreáin sin a d'fhéadfaí a ainmniú sa todhcháí. Déanfaidh sí forbairt agus cur chun feidhme ar bhearta eile, de réir mar is gá, chun stádas caomhantais fabhrach a bhaint amach ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an láithreáin araon (Gníomh 6.1.7 faoi PGNB) **An Rannóg Pleanála, an Rannóg Comhshaoil, an Rannóg Seirbhísí Uisce, an Oifig Oidhreachta – ar siúl**
- 32 Leanfaidh Comhairle Contae Lú le faisnéis a bhailiú faoi láithreáin atá le breithniú i dtaca le cosaint agus feabhsú an líonra Limistéar Oidhreachta Nádúrtha (samplaí roimhe seo den sórt sin is ea Suirbhé Bogaigh Lú agus an Measúnú Oidhreachta Geolaíche ar an gContae, inar aimsíodh den chéad uair riamh a lán láithreán a bhfuil tábhacht réigiúnach nó náisiúnta (nó tábhacht níos airde

- fós) leo. Maidir le gach láithreán a bhfuil tábhacht ‘mheasartha áitiúil’ (D), tábhacht ‘ard áitiúil’ (C), tábhacht ‘contae’ (C+) nó tábhacht níos airde fós leo (de réir Shuirbhé Bogaigh Lú) agus a aimsíodh sna suirbhéanna roimhe seo, liostófar sa Plean Forbartha Contae 2021-2027 iad agus cosnófar tríd an bPlean sin iad (Gníomh 6.1.10 faoi PGNB) **An Oifig Oidhreachta, a bhaileoidh faisnéis; an Rannóg Pleanála, a dhéanfaidh na láithreáin a liostú agus a chosaint – ar siúl**
- 33 Cuirfidh Comhairle Contae Lú le nascacht an líonra limistéar cosanta trí úsáid a bhaint as criosanna maolánacha cuí, as conairí, as clocha cora agus/nó as bealaí eitilte, agus nithe den sórt sin á gcur san áireamh aici nuair a bheidh iarratais ar chead pleanála, ar cheadanna dramhaíola, etc., á measúnú aici. Tabharfaidh sí faoi deara ag an am céanna gur féidir le nithe a tharlaíonn píosa maith ar shiúl uathu difear a dhéanamh do láithreáin chosanta, más ann do chosáin. Chomh maith leis sin, rannchuideoidh cosaint na láithreáin bogaigh dá dtagraítear thuas le nascacht éiceolaíoch a chothabháil laistigh den chontae agus lasmuigh de araon (Gníomh 6.2.1 faoi PGNB) **An Rannóg Pleanála, an Rannóg Comhshaoil, le tacaíocht ón Oifig Oidhreachta – ar siúl, agus an déine á méadú**
- 34 Cuirfidh Comhairle Contae Lú pleananna gníomhaíochta speiceas (e.g., pleananna le haghaidh an lora Rua, atá ag téarnamh go láidir sa chontae) chun feidhme, nuair is ábhartha, agus imscrúdóidh sí, de réir mar is cuí, an fhéidearthacht atá ann scéimeanna um speicis a thabhairt isteach an athuair a chur i bhfeidhm (Gníomh 6.3.4 faoi PGNB) **An Oifig Oidhreachta – ar siúl**
- 35 Leanfaidh Comhairle Contae Lú le dul i mbun cumarsáide agus gníomhaíocht chomhchuibhithe le Comhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin agus le Gníomhaireacht na Lochanna ar shaincheisteanna is ábhar imní coiteann, lena n-áirítear bainistíocht a dhéanamh ar láithreáin trasteorann amhail Loch Cairlinn, Sléibhte Chuaille/Fáinne Cnoc Shliabh gCuillinn agus aibhneacha trasteorann (Gníomh 7.3.1 faoi PGNB) **An Oifig Oidhreachta – ar siúl**
- 36 Comhoibreoidh Comhairle Contae Lú (nuair is féidir agus nuair is ábhartha) ar thionscnaimh um fhaireachas Speiceas agus Gnáthóg faoi na Treoracha maidir le Gnáthoga agus maidir le hÉin (e.g., suirbhéanna rón Uile-Éireann; scéim Uile-Éireann um thráchur céiticeach; Liosta Dearg Uile-Éireann d’Éin; Grúpa Taighde Uile-Éireann um an gCadhan) (Gníomh 7.3.2 faoi PGNB) **An Oifig Oidhreachta – ar siúl**
- 37 Leanfaidh Comhairle Contae Lú le cloí le ISO 14001 mar mhodh chun laghdú a dhéanamh ar thionchair dhiúltacha na trádála ar an mbithéagsúlacht agus chun tionchair dhearfacha a fheabhsú (Gníomh 7.4.1 faoi PGNB) **An Rannóg Seirbhísí Corparáideacha – ar siúl**

Gníomhartha Áitiúla

Ba as Plean Gníomhaíochta Náisiúnta na hÉireann um Bithéagsúlacht a tháinig gach ceann de na gníomhartha atá leagtha amach thuas. Ós rud é gur plean áitiúil do Chontae Lú é seo, cuireadh ar áireamh ann freisin roinnt gníomhartha a beartaíodh sna Pleananna Gníomhaíochta Áitiúla Bithéagsúlachta roimhe seo do Chontae Lú, mar a chuir sainchomhairleoirí le chéile iad sna blianta 2008 agus 2014

- 38 Cruthóidh Comhairle Contae Lú liosta de Limistéir Áitiúla Bithéagsúlachta sa Chontae. Is é atá sna limistéir sin ná láithreáin a bhfuil tábhacht leo don bhithéagsúlacht ar leibhéal an-áitiúil nó ar an leibhéal contae, fiú, ach nach gcáileodh dá n-ainmniú mar Limistéir Oidhreachta Nádúrtha ná mar láithreáin Eorpacha **An Oifig Oidhreachta – faoi dheireadh na bliana 2021**
- 39 Tacóidh Comhairle Contae Lú leis an tsuirbhéireacht ar ialtóga agus ar éin de speicis éagsúla agus le boscaí fara ialtóg agus boscaí neadaireachta éan a dhéanamh agus a chur in airde, nuair is cuí **An Oifig Oidhreachta – ar siúl**
- 40 Leanfaidh Comhairle Contae Lú le tacú le caomhantas praiticiúil bithéagsúlachta i measc daoine áitiúla i gContae Lú agus i gcomhpháirt le grúpaí i limistéir chónagaracha. Áireofar leis sin, mar shampla, tacú leis an scéim um Maoracht Geabhróg Beag i mBaile Trá agus leis an obair atá ar bun ag Oibríthe Deonacha Caomhantais chun Speicis Choimhthíocha Ionracha a bhaint de choillearnacha poiblí **An Oifig Oidhreachta – ar siúl**

- 41 Cuirfidh Comhairle Contae Lú Plean Rochtana Tuaithe agus Bithéagsúlachta le chéile don Chontae, rud ina léireofar an dóigh ar féidir le daoine den phobal – idir chónaitheoirí agus chuirteoirí – limistéir shábháilte tharraingteacha a rochtain chun breathnú ar an mbithéagsúlacht, agus chun taitneamh a bhaint aisti, ar mhaithe lena sláinte fhisiciúil agus lena meabhairshláinte **An Oifig Oidhreachta, an Rannóg Oibríochtaí – faoi dheireadh na bliana 2021**

- 42 Leanfaidh Comhairle Contae Lú le hoiliúint a sholáthar do bhaill foirne teicniúla, amhail pleanálaithe agus innealtóirí, ar an dóigh a bhféadfadh a gcuid oibre tionchar diúltach a imirt ar ár mbithéagsúlacht agus ar an dóigh a bhféadfadh siad difear dearfach a dhéanamh **An Oifig Oidhreachta – ar siúl**

Iarscríbhinní

Iarscríbhinn A Reachtaíocht (ar an leibhéal Domhanda, Eorpach, Náisiúnta agus Áitiúil)

Cosaint dhomhanda na bithéagsúlachta

Is ann do chuid mhór Coinbhinsiún ó na Náisiúin Aontaithe atá ceaptha chun an Bithéagsúlacht a chosaint agus a chaomhnú. Tá Coinbhinsiún Bheirn agus Coinbhinsiún Bonn luaite in Iarscríbhinn B thíos. Ceann nach bhfuil luaite san Iarscríbhinn sin is ea Coinbhinsiún Ramsar maidir le héin uisce imirceacha (Ramsar, an Iaráin, 1971), ar faoina bhun atá Cuan Dhún Dealgan ainmnithe mar láithreán Ramsar. Láithreán Ramsar eile is ea cladach Loch Cairlinn i gContae an Dúin. Ní áirítear leis sin, áfach, an chuid den chladach atá suite i gContae Lú.

Cosaint Eorpach na bithéagsúlachta

Bhí an Treoir maidir le hÉin, a tugadh isteach sa bhliain 1979, ar an gcéad bheart riamh a rinne an tAontas Eorpach chun an bithéagsúlacht a chosaint. Bhí an Treoir bunaithe ar an tuiscint go gceanglaíonn éin cuid mhór de thíortha na hEorpa (agus an domhain) le chéile trí imirce fad-achair. Ar mhaithe le sodar go grinneall a sheachaint, áit a mbeadh ar gach tír aithris a dhéanamh ar a comharsana (agus ar na tíortha a bhfuil sí san iomaíocht leo) dá scriosfadh na tíortha sin gnáthóga éan imirceach chun buntáiste eacnamaíoch gearrthéarmach a ghnóthú, chomhaontaigh an tAontas Eorpach rialacha a chur i bhfeidhm ar fud an Aontais chun éin a chosaint. Tugadh an Treoir maidir le Gnáthóga isteach trí bliana déag ina dhiaidh sin, agus é mar aidhm léi ainmhithe eile, seachas éin, agus plandaí a chosaint ar fud an Aontais ar fad.

Leis an Treoir maidir le hÉin, ceanglaítear ar na Ballstáit den Aontas láithreáin a bhfuil tábhacht leo d'éin ar an leibhéal Eorpach a ainmniú mar 'Limistéir faoi Chosaint Speisialta'. Tá cúig láithreán Eorpacha den sórt sin suite go hiomlán nó go páirteach laistigh de Chontae Lú, lena n-áirítear limistéir mhuirí atá faoi bhun na Líne Barr Láin agus nach dtagann faoi dhlínse Chomhairle Contae Lú mar údarás pleanála.

Leis an Treoir maidir le Gnáthóga, ceanglaítear ar na Ballstáit den Aontas láithreáin ina soláthraítear gnáthóga tábhachtacha d'ainmhithe áirithe, seachas éin, agus do phlandaí ar an leibhéal Eorpach a ainmniú. Tá sé Limistéir Caomhantais Speisialta den sórt sin suite go hiomlán nó go páirteach laistigh de Chontae Lú.

Tugtar Líonra Natura 2000 ar an dá chineál limistéir sin le chéile.

Próiseas fada ba ea cur chun feidhme iomlán na dTreoracha Eorpacha sin in Éirinn. Is é an príomhphíosa reachtaíochta náisiúnta lena dtrasuitear ceanglais na dTreoracha Eorpacha ná Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha), 2011 (I.R. Uimh. 477 de 2011), arna leasú.

Tabhair faoi deara go gcumhdaíonn na Limistéir Chaomhantais Speisialta agus na Limistéir faoi Chosaint Speisialta i gContae Lú aibhneacha, cóstaí agus talamh sléibhe go hiomlán, beagnach. Mar thoradh ar dhiantalmhaíocht agus ar ard-dlús daonra, is fíorbheag láithreán ainmnithe atá suite ar na limistéir talún ísealchríche de Chontae Lú. Ba cheart a thabhairt faoi deara freisin go bhfuil roinnt láithreán, amhail cladach Loch Cairlinn, Dún Dealgan agus an Bhóinn agus inbhear na Bóinne, ainmnithe mar Limistéir Chaomhantais Speisialta agus mar Limistéir faoi Chosaint Speisialta araon. Fágann sé sin gur lú i bhfad méid an limistéir ainmnithe laistigh de limistéir feidhme Chomhairle Contae Lú ná mar a shílfeá mar gheall ar an líon láithreán atá le fáil ann.

Leis an Treoir maidir le Gnáthóga, ceanglaítear ar na Ballstáit dianchosaint a thabhairt d'ainmhithe agus plandaí áirithe freisin.

Cosaint náisiúnta na bithéagsúlachta

Téann an reachtaíocht náisiúnta atá ceaptha chun an bithéagsúlacht (fiadhúlra) a chosaint siar go dtí an tAcht chun Eanacha Fiadhaine do Chaomhaint, 1930. Rith an tOireachtas an tAcht um Fhiadhúlra sa bhliain 1976.

Tugadh leis an Acht um Fhiadhúlra, 1976, dea-bhonn reachtach le haghaidh caomhantas dúlra. An-chuimsitheach a bhí forálacha an Achta le haghaidh speicis a chosaint, lena n-áirítear iad sin lena rialáiltear sealgaireacht. Go deimhin, áiríodh leo gnéithe a bhí an-chosúil lena mbeadh sna Treoracha ón Aontas Eorpach maidir le hÉin agus maidir le Gnáthóga ina dhiaidh sin. Bhí bearta Acht 1976 le haghaidh gnáthóga/láithreáin a chosaint measartha lag, áfach. Tríd is tríd, bhí siad teoranta go hiomlán do bhearta a d'fhéadfaí a thabhairt isteach le comhaontú ó úinéirí talún. Ba bheag cumhacht chun cosaint a chinntiú in éagmais comhaontú ó úinéirí talún, fiú amháin i gcás gnáthóga nó láithreáin a bhí amuigh.

Cuireadh go mór leis an reachtaíocht caomhantas dúlra nuair a tugadh an tAcht um Fhiadhúlra (Leasú), 2000, agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha), 2011, isteach.

Amhail i gcás na reachtaíochta ón Aontas Eorpach, ba é an cur chuige a glacadh go dtí seo ná na láithreáin a bhfuil an tábhacht is mó leo don bithéagsúlacht a shainaithint agus a chosaint agus a ghlacadh leis ag an am céanna nach gá, nó nach fiú, fiadhúlra atá suite ar thalamh feirme agus faoin tuath i gcoitinne (agus i mbailte) a chosaint. Ba é an toradh a bhí ar an gcur chuige sin, ar an drochuair, ná na láithreáin is bithéagsúla a imfhálú (gan iad go léir a bhainistiú ar bhealach tuisceanach). Fiú amháin i gcás go mbeidh an t-ádh orthu a luach don bithéagsúlacht a choinneáil, éireoidh na láithreáin sin de réir a chéile ina n-ósaisí dínasctha bithéagsúlachta atá suite i bhfásach aimrid bithéagsúlachta.

Sna 1970idí, roimh rith an Achta um Fhiadhúlra, 1976, rinne an Foras Forbartha suirbhéireacht ar láithreáin a bhfuil tábhacht leo don bithéagsúlacht (fiadhúlra). Tugadh Limistéir is Ábhar Spéise ó thaobh Eolaíochta ar na láithreáin sin ar dtús, ach ní rabhthas in ann iad a chosaint go hiomlán faoi Acht 1976. Faoi Acht um Fhiadhúlra (Leasú), 2000, cuireadh na láithreáin a sainaithníodh mar Limistéir is Ábhar Spéise ó thaobh Eolaíochta de chun cinn lena gcosaint mar Limistéir bheartaithe Oidhreachta Nádúrtha. Ní dhearnadh aon cheann de na limistéir sin i gContae Lú a ainmniú ó thaobh dlí de ó shin i leith, áfach. Is é an t-aon chosaint amháin atá acu ar fhorbairt dhamáisteach ná an fíoras go bhfuil siad liostaithe i bPleananna Forbartha Contae nó i bPleananna Forbartha eile nó go bhforluíonn siad le láithreán Eorpach (Limistéir Caomhantais Speisialta nó Limistéir faoi Chosaint Speisialta). Leagtar síos san Acht um Fhiadhúlra tréimhse ar lena linn nach bhféadfar fásra a scriosadh, rud a chumhdaíonn an tréimhse ón 1 Márta go dtí an 31 Lúnasa faoi láthair. Tugann sé sin am d'éin póru agus tugann sé am do phlandaí bláthú agus síol a chur.

Le blianta beaga anuas, tá an téarma 'Limistéir Oidhreachta Nádúrtha is iarrthóir' á úsáid chun tagairt a dhéanamh d'aon láithreán a chuirtear chun cinn mar cheann is fiú a chosaint trí é a ainmniú mar Limistéir Oidhreachta Nádúrtha.

Cosnaítear crainn ar fud na hÉireann tríd an gceanglas atá ann ceadúnas leagtha a fháil ón tSeirbhís Foraoiseachta (cé go bhfuil díolúintí ann ina leith sin). Mar an gcéanna, is gá cead pleanála a fháil chun bogaigh ar mó iad ná 0.1 heicteár a dhraenáil.

Cosaint áitiúil na bithéagsúlachta

Cosnaíonn Comhairle Contae Lú an bithéagsúlacht trína córas pleanála agus trí thosca bithéagsúlachta a chur ar áireamh ina cuid oibre ar fad. Sa Phlean Forbartha Contae, tugtar mionsonraí faoi gach láithreán Eorpach, idir Limistéir Chaomhantais Speisialta agus Limistéir faoi Chosaint Speisialta, atá suite sa Chontae agus ceanglaítear go gcuirfí aon tograí forbartha a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do láithreáin den sórt sin faoi réir scagadh le haghaidh Measúnacht Chúil ar a laghad.

Chomh maith leis sin, liostaítear sa Phlean Forbartha Contae agus i bPleananna Limistéir Áitiúil láithreáin a cuireadh chun cinn lena n-ainmniú mar Limistéir Oidhreachta Nádúrtha ach nár ainmnigh na húdaráis náisiúnta iad riamh. Cuirtear an gá atá ann le láithreáin den sórt sin a chosaint san áireamh sa phróiseas pleanála ansin. Cosnaítear sa Phlean Forbartha Contae freisin láithreáin gheolaíochta, idir Limistéir Oidhreachta Nádúrtha is Iarrthóirí agus Láithreáin Gheolaíochta Chontae. Tacaíonn cuid mhór de na láithreáin sin le bithéagsúlacht thábhachtach.

Ina theannta sin, cosnaítear sa Phlean Forbartha Contae agus i bPleananna Limistéir Áitiúil grúpaí crann trí

Orduithe foirmiúla Slánchoimeáda Crann a eisiúint agus trí chaomhantas grúpaí crann a liostú mar cheann amháin de na cuspóirí atá leo.

Tá a lán talún faoi úinéireacht ag Comhairle Contae Lú agus tá cuid den talamh sin luachmhar maidir le caomhantas bithéagsúlachta. Tá an Chomhairle tiomanta do thalamh a bhainistiú ar son na bithéagsúlachta i gcás nach bhfuil sé sin ag teacht salach ar úsáidí riachtanacha eile. Tá an chuid thuaidh de cheann tíre Cheann Chlochair ar an sampla is fearr de láithreán den sórt sin. Tá an chuid is mó de Limistéar Caomhantais Speisialta Cheann Chlochair faoi úinéireacht ag an gComhairle. Cé go mbainistíonn an Chomhairle an láithreán mar Anaclann Dúlra *de facto*, ceadáíonn sí rochtain thábhachtach áineasa agus taitneamhachta ar an láithreán freisin.

Iarscríbhinn B Gnáthóga cosanta agus láithreáin chosanta i gContae Lú

Is é an phríomhaidhm atá leis an Treoir ón Aontas Eorpach maidir le Gnáthóga ná rannchuidiú le caomhantas bithéagsúlachta trí cheanglas a chur ar na Ballstáit bearta a dhéanamh chun gnáthóga nádúrtha agus speicis fhiáine (atá liostaithe sna hIarscríbhinní a ghabhann leis an Treoir) a chothabháil nó a athchóiriú de réir ‘stádas caomhantais fabhrach’. Is é is Gnáthóga ‘Tosaíochta’ ann ná gnáthóga atá i mbaol dul ó amharc laistigh den Aontas Eorpach ina iomláine. Faoi Airteagal 17 den Treoir, ní mór do na Ballstáit den Aontas measúnú a dhéanamh ar Stádas Caomhantais gach Gnáthóige agus Speicis gach sé bliana. Tháinig na torthaí seo a leanas as an measúnú is déanaí, rud a foilsíodh sa bhliain 2019: Tá 61 Ghnáthóg AE le fáil in Éirinn, dá bhfuil 16 cinn ina nGnáthóga ‘Tosaíochta’. Tá daichead (40) ceann de na Gnáthóga sin, deich (10) nGnáthóg Tosaíochta ina measc, suite laistigh de Chontae Lú. Tháinig borradh mór faoin liosta sin ó Thuarascáil na bliana 2007, rud nár liostaíodh ann ach 16 Ghnáthóg i gContae Lú (nach raibh ach dhá cheann díobh ina nGnáthóga ‘Tosaíochta’). Ceann de na cúiseanna leis sin is ea an tsuirbhéireacht mhéadaithe a bhíonn ar siúl, rud a chuireann leis an eolas ar a bhfuil againn sa chontae. Cé nach bhfuil a lán Gnáthóg tábhachtach eile AE – amhail Móinéir Féir Thirim Ísealchríche – le fáil anseo, de réir an eolais reatha, is féidir go dtiocfar ar ghnáthóga den sórt sin trí shuirbhéireacht mhéadaithe sa todhchaí.

Liosta de Ghnáthóga AE i gContae Lú agus Stádas Caomhantais na nGnáthóg sin, bunaithe ar an Measúnú a rinneadh sa bhliain 2019

Cód	Gnáthóg	Measúnú Foriomlán ar Stádas Caomhantais
1130	Inbhir	Stádas Neamhleor (Ag Meath)
1140	Réileáin Láibe Taoide	Stádas Neamhleor (Ag Meath)
1150*	Murlaigh (GNÁTHÓG TOSAÍOCHTA)	Stádas Dona (Ag Meath)
1160	Góilíní Móra Éadoimhne agus Cuanta	Stádas Dona (Ag Meath)
1170	Sceireacha	Stádas Neamhleor (Cobhsaí)
1180	Struchtúir fhomhuirí arna ndéanamh ag gáis sceite	Stádas Fabhrach (Cobhsaí)
1210	Línte deasca	Stádas Neamhleor (Ag Meath)
1220	Trá Scaineagáin Fhásmar	Stádas Neamhleor (Cobhsaí)
1230	Muirailte Fásmhara	Stádas Neamhleor (Cobhsaí)
1310	Láib <i>Salicornia</i>	Stádas Fabhrach (Cobhsaí)
1330	Móinéar Goirt Atlantach	Stádas Neamhleor (Ag Meath)
1410	Móinéar Goirt Meánmhara	Stádas Neamhleor (Ag Meath)
2110	Dumhcha Aistreacha Suthacha	Stádas Neamhleor (Cobhsaí)
2120	Dumhcha Muiríní (“Dumhcha Geala”)	Stádas Neamhleor (Cobhsaí)
2130*	Dumhcha Socra (GNÁTHÓG TOSAÍOCHTA)	Stádas Dona (Ag Meath)
3130	Gnáthóg Mheasctha Locha <i>Najas Flexilis</i>	Stádas Neamhleor (Ag Meath)
3140	Gnáthóg Locha Uisce Chrua	Stádas Dona (Ag Meath)
3150	Gnáthóg Shaibhir Locha Duilisc Abhann	Stádas Neamhleor (Ag Meath)
3160	Gnáthóg Locha Olagatrófach Aigéid	Stádas Neamhleor (Ag Meath)
3260	Fásra Uiscí Reatha	Stádas Neamhleor (Ag Meath)
4010	Fraochmhá Fhliuch	Stádas Dona (Ag Meath)
4030	Fraochmhá Thirim	Stádas Dona (Cobhsaí)
4060	Fraochmhánna Alpacha agus Fo-Alpacha	Stádas Dona (Ag Feabhsú)

6210*	Féarthalamh Cailcreach (GNÁTHÓG TOSAÍOCHTA gCÁS GO bhFUIL SÉ 'Saibhir ó thaobh Magairlín de')	Stádas Dona (Ag Meath)
6230*	Féarthailte <i>Nardus</i> atá saibhir ó thaobh speiceas de GNÁTHÓG TOSAÍOCHTA	Stádas Dona (Ag Meath)
6410	Móinéir <i>Molinia</i>	Stádas Dona (Ag Meath)
6430	Seascann Hidrifiliúil Ardluibhe	Stádas Dona (Ag Meath)
7110*	Portach Ardaithe Gníomhach (GNÁTHÓG TOSAÍOCHTA)	Stádas Dona (Ag Meath)
7120	Portach Ardaithe Díghrádaithe	Stádas Dona (Ag Meath)
7130*	Bratphortach (GNÁTHÓG TOSAÍOCHTA)	Stádas Dona (Ag Meath)
7140	Idirsheascainn	Stádas Dona (Cobhsaí)
7150	Logáin <i>Rhynchosporion</i>	Stádas Dona (Ag Meath)
7210*	Eanaigh <i>Cladium</i> (GNÁTHÓG TOSAÍOCHTA)	Stádas Neamhleor (Cobhsaí)
7220*	Toibreacha Clochraithe (GNÁTHÓG TOSAÍOCHTA)	Stádas Neamhleor (Cobhsaí)
7230	Eanaigh Alcaileacha	Stádas Dona (Ag Meath)
8110	Screathan Siliceach	Stádas Neamhleor (Cobhsaí)
8220	Fánaí Carraigeacha Siliceacha	Stádas Neamhleor (Cobhsaí)
91A0	Seancoillearnach Darach	Stádas Dona (Ag Meath)
91D0*	Coillearnach Phortaigh (GNÁTHÓG TOSAÍOCHTA)	Stádas Fabhrach (Cobhsaí)
91E0*	Coillearnach GhIáarach (GNÁTHÓG TOSAÍOCHTA)	Stádas Dona (Ag Meath)

Foinse: Arna oiriúnú ón doiciméad 'The Status of EU Protected Habitats and Species in Ireland' ón tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (2019).

I dteannta na ngnáthóg AE atá liostaithe thuas, is ann freisin sa chontae do ghnáthóga eile atá liostaithe i scéim aicmiúcháin gnáthóg Fossitt agus ina gcothaítear speicis shuaitheanta amhail díoga draenála, eanaigh bhochta agus borrfhás, riasc, giolcach, mórshéascainn chíbe, agus fála sceach.

Láithreáin Eorpacha i gContae Lú (Limistéir Chaomhantais Speisialta)

Uimhir Thagartha	Ainm
453	Sliabh Feá
455	Cuan Dhún Dealgan
1459	Ceann Chlochair
1957	Cósta agus Inbhear na Bóinne
2299	An Bhóinn agus an Abhainn Dubh
2306	Cladach Chairlín

Láithreáin Eorpacha i gContae Lú (Limistéir faoi Chosaint Speisialta – le haghaidh éan)

Uimhir Thagartha	Ainm
4026	Cuan Dhún Dealgan
4078	Loch Cairlín

4080	Inbhear na Bóinne
4091	Tigh Beannáin - Baile Uí Bhragáin
4232	An Bhóinn agus an Abhainn Dubh

Iarscríbhinn C Speicis chosanta atá le fáil i gContae Lú

Mar aon le 'Gnáthóga' a chosaint, cosnaítear leis an Treoir ón Aontas Eorpach maidir le Gnáthóga speicis éagsúla ainmhithe (seachas éin) agus plandaí freisin. Is faoin 'Treoir maidir le hÉin', ar treoir ar leith í, a chosnaítear éin agus a ainmnítear Limistéir faoi Chosaint Speisialta. Cumhdaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir maidir le Gnáthóga na cineálacha Gnáthóige a bhfuil a gcaomhantas ag brath ar Limistéir Chaomhantais Speisialta a ainmniú. Tá 16 Ghnáthóg Tosaíochta ann in Éirinn, i.e., gnáthóga a mheastar a bheith i mbaol dul ó amharc laistigh de chríoch an Aontais. Cumhdaítear in Iarscríbhinn II na speicis ainmhithe agus plandaí a bhfuil a gcaomhantas ag brath ar Limistéir Chaomhantais Speisialta a ainmniú. Liostaítear in Iarscríbhinn IV na speicis ainmhithe agus plandaí a dteastaíonn dianchosaint uathu. Cumhdaítear in Iarscríbhinn V na speicis ainmhithe agus plandaí ar féidir go mbeidh a dtógáil san fhiántas agus a ndúshaothrú faoi réir bearta bainistíochta. Ina theannta sin, cosnaítear a lán ainmhithe faoin Acht um Fhiadhúlra agus cosnaítear plandaí faoin Ordú um Flora (Cosaint).

Mamaigh (cosnaítear iad seo go léir faoin Acht um Fhiadhúlra)							
Ainm Gaeilge	Ainm eolaíoch	An Treoir maidir le Gnáthóga	An Treoir maidir le hÉin	Leabhar Dearg na Sonraí	Na hAchtan na um Fhiadhúlra	Beirn	Bonn
Fia Rua	<i>Cervus elaphus</i>				P		
Fia Seapánach	<i>Cervus nippon</i>				P		
Fia Buí	<i>Dama dama</i>				P		
Giorria	<i>Lepus timidus hibernicus</i>	V		II	P	III	
Dallóg Fraoigh	<i>Sorex minutus</i>				P		
Iora Rua	<i>Sciurus vulgaris</i>				P		
Gráinneog	<i>Erinaceus europaeus</i>			II	P	III	
Madra Uisce	<i>Lutra lutra</i>	II, IV		II	P	II	
Cat Crainn	<i>Martes martes</i>	V		II	P	III	
Easóg Éireannach	<i>Mustela erminea hibernica</i>				P		
Broc	<i>Meles meles</i>			II	P	III	
Ialtóg Chluasach Dhonn	<i>Plecotus auritus</i>	IV		I	P	II	
Ialtóg Fheascrach	<i>Pipistrellus pipistrellus</i>	IV		I	P	II	
Ialtóg Daubenton	<i>Myotis daubentoni</i>	IV		I	P	II	
Ialtóg Leisler	<i>Nyctalus leisleri</i>	IV		I	P	II	
Ialtóg Natterer	<i>Myotis nattereri</i>	IV		I	P	II	
Ialtóg Ghiobach	<i>Myotis mystacinus</i>	IV		I	P	II	
Rón Beag	<i>Phoca vitulina</i>	II, V			P		
Rón Glas	<i>Halichoerus grypus</i>	II, V			P		
Muc Mhara	<i>Phocoena phocoena</i>	II, IV			P		
Deilf Bholgshrónach	<i>Tursiops truncatus</i>	II, IV			P		

Éisc							
Loimpre Abhann	<i>Lampetra fluviatilis</i>	II, V		I		III	
Loimpre Shrutháin	<i>Lampetra planeri</i>	II		I		III	
Loimpre Mhara	<i>Petromyzon marinus</i>	II		I		III	
Bradán an Atlantaigh	<i>Salmo salar</i>	II, IV					U

Reiptílí							
Earc Luachra	<i>Zootoca vivipara</i>				P		

Reiptílí Eile a bhfuil Tábhacht Áitiúil leo		
Ainm Gaeilge	Ainm eolaíoch	Nótaí Tráchta
Turtar Droimleathair	<i>Dermochelys coriacea</i>	Chonacthas an speiceas seo ar Chósta Lú i mí Dheireadh Fómhair 2001.

Amfaibiaigh							
Frog Coiteann	<i>Rana temporaria</i>	V		II	P	III	
Earc Sléibhe	<i>Triturus vulgaris</i>				P		

Crústaigh							
Piardóg Liathbhán	<i>Austropotamobius pallipes</i>	II, V			P	U	U

Plandaí Soithíocha							
Ainm Gaeilge	Ainm eolaíoch	An Treoir maidir le Gnáthóga	An Treoir maidir le hÉin	Leabhar Dearg na Sonraí	Na hAchtan na um Fhiadhúlra	Beirn	Bonn
Lus Mhic Rí Breatan	<i>Acinos arvensis</i>		FPO		V		
Raithneach Chas	<i>Cryptogramma crispa</i>		FPO		R		
Ga Corcra	<i>Galeopsis angustifolia</i>		FPO		V		
Magairlín na Móna	<i>Hammarbya paludosa</i>		FPO		RV		
Eorna Mhóinéir	<i>Hordeum secalinum</i>		FPO		V		
Lus na Sceallaí	<i>Mertensia maritima</i>		FPO		R		
Poipín Garbh Cruinn	<i>Papaver hybridum</i>		FPO		E		
Cabhair Mhuire	<i>Scleranthus annuus</i>		FPO				
Gafann	<i>Hyoscyamus niger</i>			R			
Aiteann Muire	<i>Huperzia selago</i>	V					
Glasluibh Chruinn	<i>Pyrola rotundifolia ssp. rotundifolia</i>			R			
Tormán	<i>Salvia verbenaca</i>			R			

Plandaí Íochtair							
Ainm Gaeilge	Ainm eolaíoch	An Treoir maidir le Gnáthóga	An Treoir maidir le hÉin	Leabhar Dearg na Sonraí	Na hAchtan na um Fhiadhúlra	Beirn	Bonn
Snáthchaonach Dosach	<i>Bryum caespiticium</i>			VU			
Caonach Colgach Biorach	<i>Didymodon acutus</i>			EN			
Caonach Donn	<i>Grimmia donniana</i>			NT			
Caonach Foltbhiorach	<i>Grimmia trichophylla</i>						
Caonach Tuíghreannach	<i>Orthotrichum stramineum</i>			VU			
Caonach Briosc Taobhthorthaíoch	<i>Pleurochaete squarrosa</i>			NT			
Caonach na dTorthaí Maola	<i>Tortula modica</i>			VU			

Éin (Cosnaítear iad seo leis an 'Treoir maidir le hÉin', ar treoir ar leith í)							
Ainm Gaeilge	Ainm eolaíoch	An Treoir maidir le Gnáthóga	An Treoir maidir le hÉin	Leabhar Dearg na Sonraí	Na hAchtanna um Fhiadhú Ira	Beirn	Bonn
Ceolaire Giolcaí	<i>Acrocephalus scirpaceus</i>			>			
Circín Starraiceach	<i>Alauda arvensis</i>			>			
Cruidín	<i>Alcedo atthis</i>		I	>	P	U	U
Lacha Stiúrach	<i>Anas acuta</i>			*R	P	III	II
Spadalach	<i>Anas clypeata</i>			*R	P	III	II
Praslacha	<i>Anas crecca</i>			>			
Lacha Rua	<i>Anas penelope</i>			*			
Gadual	<i>Anas strepera</i>			>R	P	III	II
Gé Bhánéadanach Ghraonlannach	<i>Anser albifrons flavirostris</i>		I	>II	P	III	II
Lacha Mhásach	<i>Aythya ferina</i>			*R	P	III	II
Lacha Bhadánach	<i>Aythya fuligula</i>			*			
Lacha Iascán	<i>Aythya marila</i>			>			
Cadhan	<i>Branta bernicla hrota</i>			>II	P	III	II
Órshúileach	<i>Bucephala clangula</i>			*			
Breacóg	<i>Calidris alpina</i>			*V	P	III	II
Colm Gorm	<i>Columba oenas</i>			>			
Eala Ghlórach	<i>Cygnus cygnus</i>		I	>II	P	II	II
Eala Bewick	<i>Cygnus columbianus</i>			*			
Eala Bhalbh	<i>Cygnus olor</i>			>			
Siobháinín Bhuí	<i>Emberiza citrinella</i>			*			
Meirliún	<i>Falco columbarius</i>		I	>R	P	II	II
Seabhac Seilge	<i>Falco peregrinus</i>		I	II	P	II	II
Cearc Cheannann	<i>Fulica atra</i>			>			
Foitheach Rua	<i>Gavia stellata</i>		I	>R	P	II	
Fáinleog	<i>Hirundo rustica</i>			>			
Faoileán Ceandubh	<i>Larus ridibundus</i>			*			
Guilbneach Earrdhubh	<i>Limosa limosa</i>			>R	P	III	II
Crotach	<i>Numenius arquata</i>			*			
Gobadán Coiteann	<i>Actitis hypoleucos</i>			>			
Scótar	<i>Melanitta nigra</i>			*E	P	III	II
Cuilire Liath	<i>Muscicapa striata</i>			>			
Broigheall	<i>Phalacrocorax carbo</i>			>			
Feadóg Bhuí	<i>Pluvialis apricaria</i>		I	*V	P	III	II
Foitheach Mór	<i>Podiceps cristatus</i>			>			
Gabhán Gainimh	<i>Riparia riparia</i>			>			
Caislín Aitinn	<i>Saxicola rubetra</i>			*			
Caislín Cloch	<i>Saxicola torquata</i>			>			
Geabhróg Artach	<i>Sterna paradisaea</i>		I	>	P	U	U
Geabhróg Bheag	<i>Sterna albifrons</i>		I	>V	P	II	
Seil-lacha	<i>Tadorna tadorna</i>			>			
Ladrán Glas	<i>Tringa nebularia</i>			R	P	III	II
Scréachóg Reilige	<i>Tyto alba</i>			*I	P	II	
Pilibín	<i>Vanellus vanellus</i>			*			

Éin Eile a bhfuil Tábhacht Áitiúil leo		
Ainm Gaeilge	Ainm eolaíoch	Nótaí Tráchta
Corr Ghlas	<i>Ardea cinerea</i>	Tá easpa faisnéise ann faoi mhéid, treocharaí agus/nó dlús daonra.
Cearc Uisce	<i>Gallinula chloropus</i>	Ní cuimsitheach ar aon bhealach atá an fhaisnéis faoi raon agus faoi fhlúirse.
Cuach	<i>Cuculus canorus</i>	Faoin tríú measúnú ar Éin is Ábhar Imní Caomhantais in Éirinn, íslíodh an speiceas seo ón liosta ómrach go dtí an liosta glas. Meastar, áfach, go bhfuil an speiceas seo ina speiceas íocónach i gContae Lú maidir leis an mbithéagsúlacht a chur chun cinn.
Gabhlán Gaoithe	<i>Apus apus</i>	Tá an speiceas seo ag meath go mear ar fud na hÉireann.
Rálóg Uisce	<i>Rallus aquaticus</i>	Ní cuimsitheach ar aon bhealach atá an fhaisnéis faoi raon agus faoi fhlúirse.

An Treoir maidir le Gnáthóga = An Treoir ón Aontas Eorpach maidir le Gnáthóga (Treoir 92/43/CEE ón gComhairle)

- II Speicis ainmhithe agus plandaí atá liostaithe faoi larscríbhinn II
- IV Speicis ainmhithe agus plandaí atá liostaithe faoi larscríbhinn IV
- V Speicis ainmhithe agus plandaí atá liostaithe faoi larscríbhinn V

An Treoir maidir le hÉin = An Treoir ón Aontas Eorpach maidir le hÉin (Treoir 79/409/CEE ón gComhairle)

- I Speicis éan atá liostaithe faoi larscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir

Leabhar Dearg na Sonraí = Stádas na speiceas i "Leabhar Dearg na Sonraí" lena mbaineann

- Ex Díothaithe
- E I mBaol
- V Leochaileach
- R Annamh
- I Neamhchinntithe
- II Tábhacht idirnáisiúnta
- * Éin is Ábhar Imní Caomhantais in Éirinn – Liosta Dearg (An 3ú Measúnú tar éis shaothar Colhoun agus Cummins, 2013)
- > Éin is Ábhar Imní Caomhantais in Éirinn – Liosta Ómrach (An 3ú Measúnú tar éis shaothar Colhoun agus Cummins, 2013)

Na hAchtanna um Fhiadhúlra = An tAcht um Fhiadhúlra, 1976, agus an tAcht um Fhiadhúlra (Leasú), 2000

- P = Speiceas Cosanta
- FPO = Liostaithe san Ordú um Flora (Cosaint) (1999)
- Beirn = Coinbhinsiún Bheirn
- Bonn = Coinbhinsiún Bonn

Tugann spás folamh le fios nach bhfuil an speiceas liostaithe faoin gceannteideal lena mbaineann.

U = Stádas anaithnid

Chun faisnéis atá cothrom le dáta a fháil, féach suíomh Gréasáin na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra: www.npws.ie

Iarscríbhinn D: Speicis Choimhthíocha Ionracha

Is é is Speicis Choimhthíocha Ionracha ann ná ainmhithe agus plandaí a thugtar isteach de thaisme nó d'aon ghnó i dtimpeallacht nádúrtha nach mbíonn siad le fáil inti de ghnáth, agus iarmhairtí diúltacha tromchúiseacha acu dá dtimpeallacht nua. Is bagairt mhór iad ar phlandaí agus ainmhithe dúchasacha san Eoraip agus cosnaíonn an damáiste a dhéanann siad na billiúin euro ar gheilleagar na hEorpa gach bliain. Ós rud é nach bhfuil aon mheas ag speicis choimhthíocha ionracha ar theorainneacha, beidh gníomhaíocht chomhordaithe ar an leibhéal Eorpach i bhfad níos éifeachtaí ná gníomhaíocht aonair ar leibhéal na mBallstát. Rith an tAontas Eorpach Rialachán (AE) 1143/2014 maidir le speicis choimhthíocha ionracha dá réir sin, rud a tháinig i bhfeidhm an 1 Eanáir 2015 agus lena gcomhlíontar Gníomh 16 de Sprioc 5 de Straitéis Bithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go 2020 agus Sprioc 9 Aichi den Plean Straitéiseach um Bithéagsúlacht 2011-2020 faoin gCoinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht.

Gné lárnach den Rialachán maidir le speicis choimhthíocha ionracha is ea an liosta de Speicis Choimhthíocha Ionracha is Ábhar Imní don Aontas (liosta an Aontais). Cliceáil anseo chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi na speicis atá ar áireamh sa liosta sin faoi láthair.

Foráiltear leis an Rialachán maidir le speicis choimhthíocha ionracha do shraith beart a dhéanamh ar fud an Aontais Eorpaigh i leith na speiceas coimhthíoch ionrach atá ar áireamh i liosta an Aontais. Samhlaítear trí chineál beart ar leith, atá ag teacht le cur chuige ordlathach atá comhaontaithe go hidirnáisiúnta i leith speicis choimhthíocha ionracha a chomhrac:

- Cosc: roinnt beart láidir a bhfuil mar aidhm leo tabhairt isteach bheartaithe nó neamhbheartaithe speiceas coimhthíoch ionrach is ábhar imní don Aontas a chosc.
- Luathbhrath agus meardhíothú: ní mór do na Ballstáit córas faireachais a chur i bhfeidhm chun speicis choimhthíocha ionracha is ábhar imní don Aontas a bhrath chomh luath agus is féidir agus ní mór dóibh bearta meardhíothaithe a dhéanamh chun nach féidir leis na speicis sin iad féin a bhunú.
- Bainistíocht: tá roinnt speiceas coimhthíoch ionrach is ábhar imní don Aontas bunaithe i mBallstáit áirithe cheana féin. Is gá gníomhaíocht chomhbheartaithe bainistíochta a dhéanamh chun nach féidir leo leathadh tuilleadh agus chun an dochar a dhéanann siad a íoslaghdú.

Tháinig roinnt de na croifhorálacha de Rialachán (AE) 1143/2014 i bhfeidhm an 3 Lúnasa 2016. Leis na forálacha sin, déileáiltear leis na nithe seo a leanas, i measc nithe eile: speicis atá ar áireamh sa liosta de speicis choimhthíocha ionracha ('liosta an Aontais') a thabhairt isteach i gcríoch an Aontais agus na speicis sin a choinneáil, a thógáil, a iompar agus a chur ar an margadh. Tháinig an chéad 'liosta Aontais' ina bhfuil 37 speiceas – 23 ainmhí agus 14 phlanda ina measc – i bhfeidhm tar éis Rialachán Cur Chun Feidhme 2016/1141 ón gCoimisiún a fhoilsiú in Iris Oifigiúil an Aontais an 14 Iúil 2016. Cuimsíonn 'liosta an Aontais' speicis ar ina leith is gá gníomhaíocht chomhbheartaithe a dhéanamh ar fud na mBallstát uile mar gheall ar na drochthionchair a d'fhéadfadh a bheith acu ar fud an Aontais Eorpaigh. De na 37 speiceas atá ar 'liosta an Aontais', tá naoi gcinn le fáil ar an oileán seo cheana féin. Áirítear leo sin an tIora Glas, an Muinseac, an Portán Miotógach Síneach, an Tiripín/Sleamhnóir Cluasdearg, an Lacha Rua, an Tím Chatach, an Geathar Buí, an Lus Locháin (Tuaisceart Éireann) agus an Líonán Cleiteach. Mar gheall ar na bearta eile atá sa Rialachán, ceanglófar ar na Ballstáit tuilleadh beart a dhéanamh le himeacht ama chun gur féidir na speicis sin a luathbhrath agus a luathdhíothú agus chun na speicis sin atá leata go forleathan ina gcríoch cheana féin a bhainistiú. Áirítear leis an Rialachán freisin forálacha speisialta atá ceaptha chun déileáil leis na riachtanais shonracha atá ag úinéirí peata, ag trádálaithe, ag tógálaithe agus ag geallsealbhóirí eile. Nuashonrófar 'liosta an Aontais' go rialta chun speicis eile ar dóigh dóibh tionchair shuntasacha a bheith acu ar an mbithéagsúlacht agus ar éiceachórais a chur ar áireamh ann.

Faoi Rialachán 49 de Rialachán na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha), 2011 (I.R. Uimh. 477 de 2011), is cion é leathadh speiceas ionrach éagsúil d'ainmhithe agus de phlandaí laistigh d'Éirinn a cheadú. Tá na speicis sin liostaithe sa Tríú Sceideal a ghabhann leis na Rialacháin.

Iarscríbhinn E An obair bithéagsúlachta a rinneadh roimhe seo i gContae Lú

Pleananna Gníomhaíochta Áitiúla Bithéagsúlachta roimhe seo do Chontae Lú, a cruthaíodh sna blianta 2008 agus 2014

Maoracht geabhróg beag i mBaile Trá (obair ar chistigh Comhairle Contae Lú í, nó a cistíodh tríd an gComhairle, sna blianta 2013, 2019 agus 2020)

Talamh atá faoi úinéireacht ag an gComhairle a bhainistiú ar son na bithéagsúlachta (lena n-áirítear cuid den Limistéar Caomhantais Speisialta i gCeann Chlochair)

Painéil Léirmhíithe agus Faisnéise a sholáthar ag láithreacha éagsúla

Folacháin Éanbhreathnóireachta a sholáthar (ag Bruach an Náibhí i nDún Dealgan agus ag Faiche na Lorgan)

Teileascóip phoiblí a sholáthar (sna Creagacha Dubha, i gCairlinn agus i nDún Dealgan)

Uachaisí neadaithe a sholáthar le haghaidh Forachain Dhubha i bPort Oiriaila agus i gCé Gyles

Boscaí pluaise a dhéanamh agus a chur suas le haghaidh Cait Chrainn i gCoillte atá faoi úinéireacht ag Coillte

Labhras Silíní ionrach agus Róslabhras ionrach a bhaint de choillte atá faoi úinéireacht ag Coillte (Limistéir Áineasa Fhoraois Ghleann na bhFiach agus Halla an Toinlígh)

Páirt a ghlacadh i bhfóraim chomhairleacha de chuid Choillte agus Ghníomhaireacht na Lochanna

Páirt a ghlacadh i nGrúpa Iora Rua Fháinne Cnoc Shliabh gCuillinn agus Chuaille

Cúrsaí Oiliúna a sholáthar do dhaoine den phobal (ialtóga agus fáлта sceach) agus do Ghrúpaí Bailte Slachtmhara

Pleananna Feabhsúcháin Bithéagsúlachta a chruthú do Ghrúpaí Bailte Slachtmhara

Oiliúint bithéagsúlachta a sholáthar do bhaill foirne pleanála agus innealtóireachta

Suirbhé (samplach) a dhéanamh ar fhálta sceach

Suirbhéanna Bogaigh (idir shuirbhéanna *ad hoc* agus shuirbhéanna eagraithe/réamhbheartaithe)

Feabhas a chur ar rochtain ar an tuath

Bratacha Uaine a bhronnadh ar Pháirceanna

Bratacha Gorma a bhronnadh ar thránna

Rannchuidiú leis an bhfoilseachán '*The Atlas of Breeding Birds of Britain and Ireland*'

Leabhair '*Gardening for Biodiversity*' a cheannach agus a dháileadh

Taifeadadh sonraí bithéagsúlachta a mhéadú

Ainm na Comhairle a chur leis an bPlean Náisiúnta Pailneoirí

Éigeandáil Aeráide agus Bithéagsúlachta a fhógairt